



ODF

Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann  
Tuarascáil Bhliantúil 2008



Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann

Cairt Chustaiméara

Déanann an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann a dícheall bealach cóir inrochtana a chur ar fáil atá éasca a úsáid le breithiúnas a thabhairt ar chásanna agus é sin a dhéanamh chomh gasta agus is féidir.



Cuirim isteach leis seo mo Thuarascáil Bhliantúil mar Ombudsman d'Óglaiġ na hÉireann don bhliain 2008 de bhun Alt 7 den Acht Ombudsman {Óglaiġ na hÉireann} 2004.

Is é seo an triú Thuarascáil Bhliantúil a cuireadh isteach maidir le hobair an Ombudsman d'Óglaiġ na hÉireann ó bunaíodh é ar an 1 Nollaig 2005.

**Paulyn Marrinan Quinn, SC**  
*Ombudsman d'Óglaiġ na hÉireann*



ARNA FHOILSIÚ AG AN:

OMBUDSMAN d'ÓGLAIGH NA hÉIREANN

© 2009



## Réamhrá Le hOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann, Paulyn Marrinan Quinn S.C.



Bhí Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann ag oibriú don tríú bhliain i 2008 agus bhí mé sásta bheith athcheaptha le haghaidh téarma trí bhliain eile a dhéanamh i Meán Fómhair 2008.

Ar an tríú chomóradh bliana bhí sé in an am machnamh a dhéanamh ar chuspóirí bunúsacha agus spriocanna Oifig Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann; measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh a ról; agus tuarascáil a dhéanamh ar an dóigh a d'fhreastail sé ar ionchais na ngeallshealbhóirí.

Pointe achomhairc is ea OÓÉ a imscrúdaíonn gearáin de chuid baill nó iarbhaill Óglaigh na hÉireann i leith ball nó iarbhall eile de chuid Óglaigh na hÉireann, nó i leith Státseirbhíseach de chuid na Roinne Cosanta. Ar nós gach córas Ombudsman eile, pléann an tOmbudsman le gearáin agus eile mar rogha dheiridh; caithfidh go mbaintear úsáid as gach uile ghnás casaoide inmheánach eile atá ann cheana féin nuair is ball ar seirbhís an Gearánach in Óglaigh na hÉireann.

I ndáil le forálacha in Acht an Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004 cuirtear cinneadh fiosrúcháin agus moltaí a dhéanaim i mo Thuarascálacha Deiridh i ndiaidh dom cas a scrúdú nó imscrúdú faoi bhráid an Aire Cosanta. Baineann na Tuarascálacha Deiridh le hábhair a bhaineann go díreach leis an gcás i gceist agus d'fhéadfadh moltaí do shásamh bheith ceangailte leis nuair a mheasaim gur caitheadh go héagórach leis an nGearánach.

Níl sé neamhghnách breithnithe agus cinneadh fiosrúcháin a aimsiú sna Tuarascálacha Deiridh maidir le hábhair shistéamacha a d'aithin mé le linn imscrúdú cáis. Tá mé sásta gur chabhraigh OÓÉ le hÓglaigh na hÉireann le hathchóiriú roinnt nósanna imeachta Acmhainní Daonnra san áireamh 'Nósanna Imeachta Roghnóireachta do Ghairmchúrsaí agus do Sheirbhís Thar Lear'. Cuireann sé sásta orm chomh maith gur thug na moltaí a rinne mé i mo Thuarascálacha Deiridh don Aire Cosanta, le fois athdhéanamh an phroisis roghnóireachta d'ardú céime, a bhfuil leagan nua dó á cur chun cinn i gcomhpháirt le cumainn ionadaíochta tríd an bhFóram Comhréiteach agus Eadrána.

Maidir le bunú an Oifig seo i 2005 agus a fhondúireacht, cuspóir tábhachtach a bhí againn ná eolas a chuir ar gheallshealbhóirí maidir le prionsabail ghinearálta an Ombudsman. Bhí sé i gceist agam ról agus freagrachtaí OÓÉ a shainmhíniú ionas go mbeadh baill agus iarbhaill Óglaigh na hÉireann muiníneach go ndéileáiltear le gearáin go neamhchlaonta agus go cóir.

I 2008, mhéadaigh líon na gcásanna a ghlac mé le haghaidh iniúchadh 39% le linn 2007. Fianaise is ea í d'fheasacht mhéadaithe maidir le ról agus feidhm na hOifige.

Cé go gcuireann na cásanna a ghlac mé le haghaidh iniúchadh níos mó iarratas ar acmhainní OÓÉ, tá m'Oifig tiomnaithe do réiteach sciobtha a dhéanamh ar chásanna ar mhaith lenár ngeallshealbhóirí. Braitheann an t-am a thógann sé chun Tuarascáil Dheiridh a eisiúint ar fhreagairt thráthúil na ngeallshealbhóirí ar Réamhthuirisc Breithniúcháin. Bhí mé sásta i 2008 gur ghlac an tAire Cosanta mo mholtaí maidir leis an am a thógann sé roinnt Reamhthuiriscí Bhreithniúcháin a fhreagairt agus táim ag tnúth le feabhas leanúnach sa réimse seo le linn 2009.

Ní maith le hOmbudsman ar bith bheith ina iompróir drochscéil agus is é seo ceann de na jabanna is deacra atá le comhlíonadh aige nuair nach bhfuil cás Ghearánach faoi raon feidhme na hOifige nó nuair nach féidir léi réiteach a fháil ar an ngearán a rinneadh. I 2008, 123 ba ea líon na gcásanna a bhí taobh amuigh de m'údarás agus Taobh Amuigh de na Téarmaí Tagartha (OToR). Theastaigh uaim cur síos a dhéanamh sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar an tuisicint a ghlactar go huathúil, maidir le cásanna áirithe, go bhféadfadh an cinneadh a dhéanann Ombudsman ar cháilitheacht cháis bheith níos deacra ná an cinneadh a dhéantar ag deireadh an cháis.

I 2008, bheachtaigh agus leathanaigh mé na catagóirí ina dtaifeadtar gearáin agus achomhairc. Tá na catagóirí nua seo ar aon dul leis na catagóirí a úsáideadh sa Dara Thuarascáil leis an nGrúpa Neamhspleách ar Fhaireachán, a foilsíodh i Nollaig 2008.

Léiríonn an catagóiríú nua seo cuntas níos beachte ar an chúis a chuireann baill nó iar-bhaill cás faoi mo bhráid i leith bhreithniú agus tá míniúchán mionsonraithe ar an gcóras beachtaithe seo sa rannóg a déileálann le hAnailís ar Ghearáin agus Achomhairc sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

Thuairiscigh mé sa Tuarascáil Bhliantúil 2006 gur tugadh cuireadh dom bheith i mo bhall de Ghrúpa na Saineolaithe a ghair an Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine de chuid na hEagraíochta um Shlándaíl agus Comhoibriú san Eoraip (ODIHR) agus an tlonad do Rialú Daonlathach ar Fhórsaí Armtha (DCAF) maidir le cruthú *Handbook on Human Rights and Fundamental Freedoms of Armed Forces Personnel*. Ba mhór an onóir dom glacadh leis an gcuireadh agus óráid a thabhairt ag seoladh an fhoilseacháin an 28ú Meitheamh 2008 agus bheith i láthair ag an gcruinniú ar *The Role of Ombudsman Institutions in Protecting Human Rights of Armed Forces Personnel*. Garsprioc atá i gceist maidir le páirtíocht OÓÉ leis an bpróiseas in Athbheitniúchán na Saineolaithe agus taispeánann sé an suim idirnáisiúnta atá sa bhfealsúntas atá mar bhuncloch na hOifige seo.

Le linn 2008, tugadh cuireadh dom óráid a thabhairt ag atbheitniúchán ar phróiseas agus forfheidhmiú moltaí de chuid an Ghrúpa Neamhspleách ar Fhaireachán óna chéad tuarascáil a foilsíodh i 2004. Bhí mé sásta cuireadh Choimisiún um Athchóiriú an Dlí a ghlacadh agus cabhrú leis an bpáipéar *Consultation Paper on Alternative Dispute Resolution*.

De réir na Treorach ón AE ar Mhodhanna Malairt chun Díospóidí a Réiteach (ADR) agus ábhair atá bainteach (eisihte Aibreán 2008), aithnítear go forleathan luachanna ADRanna mar mhalairt neamsháraíocht ar imeachtaí dlíthiúla a d'fhéadfadh bheith casta agus fada. Tá sé sásúil nuair a thugtar aithint ar ról an Ombudsman sa Pháipéar Comhairliúcháin sin agus cuireann sé pléisiúr mór orm go bhfuil an Oifig seo mar chuid d'Oifigí Ombudsman eile a tháinig chun solais anseo in Éirinn le blianta beaga anuas a rannpháirtíonn go mór le modhanna neamsháraíochta a thabhairt ar dhíospóidí éagsúla agus, thairis sin, a rannpháirtíonn le soláthar rochtáin éasca ar cheartas.

Glactar go hidirnáisiúnta go gcaithfidh go bhfuil na cumhachtaí cuí ag Oifig Ombudsman ar bith, le bheith éifeachtúil, agus go bhfuil sé d'acmhainn acu a ról a dhéanamh. Glactar go forleathan chomh maith go gcaithfidh go bhfuil an Oifig neamhspleách, ionas nach mbainfear an bun uaithi bheith ar a cumas bheith neamhchlaonta agus cóir. Mar Ombudsman Reachtúil, níl sé d'acmhainn agam bronntaí ceangailteacha a bhronnadh. Braitheann ráth leantach Oifige maidir le maoriseacht go mór ar an gcomhoibriú a fhaigheann sí ón bhforas nó gcomhlacht ar a ndéanann sí an mhaoriseacht sin. Chun na críche sin, gabhaim buíochas le hÓglaigh na hÉireann faoi cheannas an Chinn Fhoirne, Leifteanantghinearál Dermot Early, an tAire Cosánta, Willie O'Dea T.D.; agus a oifigigh ag an Roinn Cosanta as ucht an comhoibriú agus an cur chuige a thug sé do m'Oifig.

I mo thuarascáil bhliantúil 2007, mhaígh mé go raibh sé réasúnach a dhearbhuí go mbeidh níos mó éilimh ar m'Oifig sna blianta atá romhainn. Bhí líon na gcásanna a phroiseáladh trí Shásamh in Éagóracha Óglaigh na hÉireann (RoW[Redress of Wrongs]) i 2007 dhá mhéid níos má ná 2006, ag méadú ó 76 go 168. I 2008, mhéadaigh sé 55% eile le 261 iomlán na gcásanna a próiseáladh tríd an bpróiseas RoW.

I 2006 agus 2007, cuireadh go neasach 30% de gach uile ghearán a próiseáladh tríd an bpróiseas RoW Óglaigh na hÉireann chugam mar achomharc. I 2008, achomharcadh 153 gearán ina iomlán, a próiseáladh tríd an bpróiseas RoW. Ionadaíonn sé 58% na cásanna RoW go léir.

Léiríonn na sárfhigiúirí seo an mhuinín agus an iontaoibh atá ag baill agus iarbhaill Óglaigh na hÉireann i m'Oifig chun gearáin agus achomhairc a bhreithniú go cóir agus go neamhspleách. In ainneoin an chláir oibre breise a chuireann sé ar m'Oifig, cuirim fáilte roimh an bhforbairt seo.

Bhí sé soiléir ó bunaíodh an Oifig seo go mbeadh tuiscint ar an gcoincheap stairiúil 'éagóir' - mar atá ag Sásamh in Éagóracha (RoW) - a aithint i measc Óglaigh na hÉireann ceann de na dúchláin is mó a bheadh againn nuair a chuirtear i gcomparáid leis an téarma míchóir mar a leagtar amach sa reachtaíocht maidir le bunú OÓÉ. Té neart fianaise ann a chruthaíonn go dtógann Óglaigh na hÉireann roinnt de na moltaí a bhí i mo thuarascálacha bliantúla go dáiríre agus ghlac an tAire Cosanta iad.



Cuirim fáilte roimh an oscailteacht seo agus tá súil agam go bhfuil nós mó sineirge idir mholtaí OÓÉ agus chur chuige Óglaigh na hÉireann ionas go n-athchóireofar foinsí gearáin leanúnacha a aithníodh.

I nDeireadh Fómhair, thug mé cuairt ar Roinn na Cosanta Náisiúnta agus ar an Ombudsman do Fhórsaí Ceanadacha. Thug mé faoi deara na féidireachtaí atá ar fáil i leith réiteach neamhfhoirmiúil a chuirtear chuig an Ombudsman. I gCeanada, bíonn an tOmbudsman páirteach, ag tús shaolré gearáin, le foireann ainmnithe na bhFórsaí Armtha chun cás a réiteach go neamhfhoirmiúil. Is féidir modhanna neamhsháraíochta chun díospóidí a réiteach a úsáid leis an bpróiseas seo agus tá buntáistí ann don Ghearánach agus don institiúid i gceist. Is fiú tabhairt faoin deaphraict idirnáisiúnta seo a chabhródh go mór linn in Éirinn.

Tá léirtheiscint agam ar an bhfadhb atá ann don slabhra ceannais maidir le réiteach sásúil a fháil mar chúiteamh d'indibhid a théann chun dochair mar gheall ar nósanna imeachta éagóracha nó drochriarachán. Cuireann sé imní orm go bhféadfadh le réiteach ar éagóir éagóir eile a chruthú do bhaill eile agus is ceist leantach í.

Níl an t-ábhar seo chomh simplí agus gnóthaí eile a bhaineann le maoirseacht shibhialta um imeachtaí míleata. Bunaithe ar chlár oibre m'Oifige go nuige seo, áfach, tá sé soiléir gur bhain gach uile gheallsheallbhóir tairbhe as an gcinneadh a rinneadh maidir le bunú phróiseas achomhairc neamhspleách.

Deirtear go minic go bhfuil nós mó i gceist le ról an Ombudsman ná mar a cheapadh duine: líontán sábhála is ea é, córas réamhrabhaidh is ea é, catalaíoch d'athrú is ea é. Áirithíonn Ombudsman nach bhfuil drochphraict sna scáthanna mar déanann an Oifig maoirseacht ar gach uile ghearán a dhéanann Gearánach. Ó tharla go bhfuil béim ar an nGearánach in OÓÉ, is féidir leis aiseolas a thabhairt agus gnéithe a bhfuil athbhreithniú agus athchóiriú le déanamh.

Anuraidh, tugadh gnóthais a athbhreithniú agus athchóiriú um roinnt Rialacháin agus Phraictic Riaracháin in Óglaigh na hÉireann. Is mian linn na hathchóirithe seo a leanúint agus maoirseacht a dhéanamh orthu sa bhliain atá romhainn agus na buntáistí a eascraíonn as na hathruithe seo a mheas. Cabhraíonn an Oifig le hÓglaigh na hÉireann maidir le cothrom riaracháin a bhunú agus mar a bhí trácht i dTuarascáil Bhliantúil 2006 na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann go bhfuil an Oifig *'firmly established within the culture of the Defence Forces'*. Chomh maith le déileáil le gnóthaí a eascraíonn as cásanna sonraithe, caitear le hOmbudsman mar 'Gharda ina choladh'. Ionadaíonn a láithreach mar gharda um athchóiriú agus chaomhóir ar chotromaíocht.

Tá mé sásta tuairisciú gur mhéadaigh táirgeacht san Oifig 2008 ón mbliain seo caite. Ní bheadh sé féideartha gan tacaíocht na foirne agus an tsárobair a rinne siad. Cuirim fáilte roimh an tUas. Patrick Mulhall, i Meitheamh 2008, a chomhoibríonn leis an Uas. Wesley Graham agus Bean Geraldine Keegan.

Le trí bhliain anuas, scrúdaigh mé obair Oifigí Ombudsman eile maidir le cóimheas le foireann ar gach cás agus le táirgeacht. Labhraíonn na figiúirí ar a son féin agus fianaise is ae í don fhoireann bheag; dá dílseacht agus dá caighdeán don Oifig, táim fíorbhíoch díobh go léir.

Tá gach uile phróiseas chun díospóidí a réiteach lómhar agus sobhrise, is cuma cén sórt é. Freagracht is ae ceann de cholúin an Ombudsman. Tá súil agam go dtabharfaidh tuarascáil na bliana seo léargas cuimsitheach agus cuntas inrochtana ar an obair a rinneadh le linn 2008. Comhsheasmhach le an dhá Thuarascáil Bhliantúil eile, ceanglaím saintuairisc de réir ainm chun taobh daonnúil an staidrimh a léiriú. Iarradh ar Ghearánaigh a gcomhthoil agus rinneamar ár seacht ndícheall a n-aitheanas a cheilt. Ba mhaith liom mo bhuíochas dóibh a thaifead as ucht a toilteanas maidir le tuairisciú na gcásanna.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith le hOifig an Ard-Reachtair agus an Ard-Iniúcháir agus an tUas John Crean go háirithe, a bhainistigh a chlár oibre agus a acmhainní chun freastal ar spriocdhátaí a leag mé síos le go mbeinn in ann Teastas ón Ard-Reachtair agus an Ard-Iniúcháir a chur faoi iamh.

Tá cosúlachtaí idir scríobh leabhair agus scríobh Tuarascáil Bhliantúil mar is táirgeadh mór atá i gceist a bhaineann le go leor rannóig oibre ó thus deiridh. Gabhaim buíochas le gach duine a chabhraigh linn le táirgeadh na tuarascála seo.



**Paulyn Marrinan Quinn, SC**  
*Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann*

## Buaicphointí 2008:

- 🕒 106 a glacadh ar bun scrúdú, méadú 39% ó 2007.
- 🕒 48 Réamhthuiriscí Bhreithniúcháin (RBanna) eisithe, méadú 23% ó 2007.
- 🕒 34 Thuarascáil Deiridh eisithe, méadú 17% ó 2007.
- 🕒 261 Fogra Gearáin ó Shásamh in Éagóracha Óglaigh na hÉireann glactha ag OÓÉ, méadú 55% ó 2007.
- 🕒 Tabhairt isteach catagóirí nua a thugann léiriú níos beaichte dúinn conas forais ghearáin agus achomhairc a dhéanamh imscrúdaithe ag an OÓÉ.
- 🕒 Athbhreithniú le déanamh ar ghnóthais Óglaigh na hÉireann agus an Aire Cosanta agus athchóiriú le déanamh ar phraitic riaracháin agus nós imeachta d'ardú céime.
- 🕒 Fianaise le fáil anois a dhearbhaíonn go bhfuil ról agus sainchúram OÓE bunaithe le laghdú leantach maidir le hachomhairc atá Taobh Amuigh de na Téarmaí Tagartha (OToR) de bharr teorainneacha ama nó de bharr riachtanas chun úsáid a bhaint as nós imeachta RoW Óglaigh na hÉireann ar dtús.
- 🕒 Críoch churtha le tionscadal 'The Citizen in Uniform' i gcomhpháirt le *Fundamental Freedoms of Armed Forces Personnel* agus eochairráid tugtha ag an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann ag an seoladh.
- 🕒 Suim idirnáisiúnta leanúna maidir le bunú agus ról OÓÉ.
- 🕒 Cuairt oibre rathúil tugtha ar Roinn na Cosanta Náisiúnta agus ar an Ombudsman do Fhórsaí Cheanadacha agus tá caidreamh oibre níos láidre idir an OÓÉ agus an eagraíocht sin.

*“Roimh ghearán a chur faoi mo bhráid tá ar bhaill ar seirbhís in Óglaigh na hÉireann an nós imeachta RoW a úsáid ina iomláine ar dtús. Tig le hiarbhaill Óglaigh na hÉireann dul i dteagmháil liom i scríbhinn nó trí fhoirm ghearáin a phriontáil ó [www.odf.ie](http://www.odf.ie) ”*



I 2008, ghlac mé 261 Fogra Gearáin a rinneadh tríd an bpróiseas RoW. Ghlac mé 16 ghearán go díreach ó iarbhaill Óglaigh na hÉireann.

## Anailís ar Ghearáin agus Achomhairc:



### ***Fograí Ghearáin (Notification of Complaints - FGanna) de réir Mír 114 den Acht Cosanta:***

Feidhmíonn gnás casaoide inmheánach – ar a dtugtar an próiseas um Shasamh in Eagóracha a réiteach (RoWanna) – laistigh d’Óglaigh na hÉireann. Sula gcuireann ball ar seirbhís Óglaigh na hÉireann achomharc faoi bhráid Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann, caithfidh gur próiseáladh an achomharc tríd an nós imeacha RoW. Mura bhfuil réiteach ar an díospóid, i ndiaidh 28 lá ó rinneadh an gearán, tá sé de cheart ag ball ar seirbhís Óglaigh na hÉireann an gearán a chur faoi bhráid an OÓÉ go díreach.

De réir Mír 13 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004, caithfidh go dtugtar fógra d’Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann agus don Aire Cosanta maidir le gearáin den chineál seo. Is féidir maoirseacht shibhialta thábhachtach ar an ngnás caosoide inmheánach laistigh d’Óglaigh na hÉireann a dhéanamh leis an gcóras seo agus áirithrionn sé cosaint na ngearán go léir a chuir baill faoina bhráid.

Déanann m’Oifig dlúthmhaoirseacht ar Fhógraí Gearáin (FGannas) a ghactar ó Óglaigh na hÉireann agus leanann sé go gníomhaíoch iad leis na húdaráis mhíleata chun stádas an ghearáin a mheas. Teastaíonn deimhniú i scríbhinn uaim má tharraingtear siar an gearán roimh é a dhúnadh i mo chóras.

I 2008, ghlac mé 261 Fógra gearáin a rinneadh tríd an nós imeachta RoW le buanbhaill agus Cúlghaill Óglaigh na hÉireann. Ionadaíonn sé méadú 55% ar an 168 ngearán a cuireadh faoi mo bhráid i 2007.

As 261 gearán, achomharcadh 153 ag m’Oifig, cé nach raibh sé riachtanach scrúdú iomláine a dhéanamh ar gach ceann acu mar meastar go raibh roinnt acu Taobh Amuigh de na Téarmaí Tagartha (OToR) atá bainteach le m’Oifig.

Nuair a bhí gearán tríd an bpróiseas RoW, beidh scrúdú iomláine déanta air laistigh den ghnás casaoide inmheánach d’Óglaigh na hÉireann tríd an slabhra ceannais agus scríobhfaidh Ceann Foirne Rialú Meabhraithe ag an deireadh. Tig leis an nGearánach iarr air go gcuirfí an gearán faoi mo bhráid agus nuair a ghactar chun é a scrúdú nó a imscrúdú meastar gur ‘achomharc’ atá i gceist.

## Gníomhaíocht OÓÉ 2008

Gníomhach ó 2007	Nádúr an Ghearáin	Glactha i 2008				Cásanna le scrúdú /RoW	Fothorthaí na gcásanna 2008					Gníomhach ag deireadh 2008
		FGanna	Achomhairc RoW	Atreoir Díreach	Iomlán		OToR	Tarraingte	Rbanna eisithe	Tuarascáil Dheiridh	Dúnta	
16	Drochriarachán (míchotromaíocht riaracháin líomhnaithe)		103	6	109	125	112	1	6	5	118	7
4	Iompair Neamhchuí Líomhnaithe/ Bulaíocht		28	3	31	35	2	1	4	1	4	31
4	Modhanna Riarachán atá bainteach le Gairmeacha		9	4	13	17	3	1	7	5	9	8
16	Nósanna Imeachta Roghnóireachta d'Árdú Céime		18	0	18	34	0	1	24	18	19	15
4	Nósanna Imeachta Roghnóireachta do Ghairmchúrsaí		9	3	12	16	2	0	6	5	7	9
2	Nósanna Imeachta Roghnóireachta do Sheirbhí Thar Lear		0	0	0	2	0	0	1	0	0	2
0	Ciapadh Gnéasach		0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
46	Iomlán na n-atreoraithe		167	16	183	229	119	4	48	34	157	72
0	Teagmhálacha/ Fiosrúcháin				110	110					110	0
49	Fógra RoW	261			261	310					246	64

### *Gearáin a ghlac an tOmbudsman go díreach ó Óglaigh na hÉireann:*

Tig le hiarrbhail Óglaigh na hÉireann a ghearán a chur faoi bhráid OÓÉ go díreach ar an gcoinníoll go raibh sé ar seirbhís le linn am an ghearáin líomhantaigh agus go bhfuil sé laistigh den treoirinn ama dhá mhí déag – is é sin agus a rá go gcaithfidh siad an gearán a chur faoina bhráid tráth nach déanaí dhá mhí déag i ndiaidh dáta an ghearáin líomhantaigh nó ón am a raibh sé eolach faoi.

Caithfidh go raibh an duine ina bhfuil an gearán á chur ina leith ar seirbhís le linn an éagóra líomhantaigh. De réir na gcoinníollacha seo, is féidir le hiarrbhail Óglaigh na hÉireann gearáin a chur faoi bhráid m'Oifige.

Thairis sin, cuirtear aon ghearán faoi bhráid m'Oifige a bhaineann le gníomhaíochtaí státseibhíseach atá fostaithe sa Roinn Cosanta a chuir isteach ar bhall reatha nó iarbhall Óglaigh na hÉireann.

I 2008, cuireadh 16 ghearán go díreach faoi bhráid m'Oifige, ceann amháin níos mó i gcomparáid le 2007.

### ***lomlán na ngearán nó n-achomharc a cuireadh faoi bhráid an OÓÉ i 2008:***

I 2008, scrúdaigh m'Oifig 106 gearán nó achomharc, agus ionadaíonn sé méadú 39% ar an 76 gearán nó achomharc a scrúdaíodh i 2007. Maidir leis an 106 gearán nó achomharc seo:

- ⦿ 44 chás, comhsheasmhach le Téarmaí Tagartha OÓÉ, a glacadh chun iniúchadh i ndiaidh an phróisis RoW.
- ⦿ 16 ghearán a cuireadh go díreach faoi mo bhráid.
- ⦿ 46 chás a tugadh ar aghaidh ó 2007.

### ***Gearáin nó Achomhairc a mheastar bheith Toabh Amuigh de na Téarmaí Tagartha (OToR).***

De bhreis ar na 106 cás a luíodh thuas, scrúdaigh m'Oifig 123 chás eile a measadh bheith taobh amuigh de théarmaí tagartha ODF, nó a tharraing an Gearánach siar.

Léiríonn sé meadú suntasach ar bhlianta eile: I 2007, scrúdaíodh 38 gcás agus measadh go raibh siad taobh amuigh de na téarmaí tagartha, cé go raibh 29 gcás an uimhir chomhsheasmhach do 2006. Is féidir roinnt cásanna a mheas mar chásanna atá taobh amuigh de na téarmaí tagartha ach teastaíonn scrúdú suntasach ar chásanna áirithe roimh chinneadh a dhéanamh. Glactar sa réimse oibre seo go bhféadadh cinneadh a dhéanamh ar cháiltheacht chás agus dlínse an Ombudsman bheith níos deacra ná cinneadh a dhéanamh ar an gcás é féin.

Tháinig cuid mhaith na gcasanna OToR i 2008 ó Ghearánach amháin agus míníonn sé seo an méadú easpóntúil ar na cásanna a chuirtear faoi bhráid m'Oifige nuair nach féidir le cás a scrúdú. Ní thógtar cinneadh ar chás OToR go héasca ag an OÓÉ. Mionscrúdaítear an comhad agus caithear go leor ama ar mhíniú a thabhairt ar an gcás nuair nach féidir leis an OÓÉ bheith páirteach nó cabhrú leis.

Déantar é seo nuair atá sé léir nach bhfuil cás faoi dlínse OÓÉ agus má léiríonn sé, áfach, go bhféadach idirghabháil OÓÉ dochar a dhéanamh don chás. Bhí mé sásta cabhrú le cás den chineál seo (*Staidéar Cáis a 7*) nuair a bhí mé i mo chatalaíoch do réiteach na dtéarmaí socraíochta.

Maidir leis na 123 chás seo, tarraingíodh ceithre chás siar ag an nGearánach. Maidir le 119 cás eile measadh go raibh siad OToR mar:

- ⊖ bhí 106 de réir nósanna imeachta araíonachta Óglaigh na hÉireann
- ⊖ cuireadh 5 chás bhaill ar seirbhís nár chuir an gearán tríd an próiseas RoW faoi bhráid OÓÉ.
- ⊖ bhain 3 chás le gníomhaíocht a tharla roimh 1 Nollaig 2005. Sna cásanna seo, foireáileann an tAcht go bhfuil ball ar seirbhís in ann an t-abhár a chur faoi bhráid an Aire Cosanta.
- ⊖ bhain 3 chás le gnóthaí ar nós íocaíocht agus pinsin, ábhair nach bhfuil faoi dhlínse an OÓÉ
- ⊖ cuireadh 2 chás faoina bhráid ó Ghearánaigh nach baill reatha nó iar bhaill ó Óglaigh Cúltaca nó Bhuan-Óglaigh na hÉireann iad.



### **Stádas na nGearán nó nAchomharc a imscrúdaíodh i 2008:**

Tá ceithre phríomhchéim maidir le imscrúdú gearán nó achomharc OÓÉ.

- i) Réamhscrúdú an cháis chun áiritigh go bhfuil sé faoi chúram OÓÉ.
- ii) Scrúdú mionsonraithe um ghearán nó achomharc atá faoi dhlínse m'Oifige.
- iii) Eisiúint Réamhthuairiscí Bhreithniúcháin (Preliminary View Report) do pháirtithe leasa a leagann amach na réamhthórthaí agus iarann sé ar tuilleadh míniúcháin nó eolas breise.
- iv) Ag leanúint freagraí ar RBanna, seoltar Tuarascáil Dheiridh, ina leagtar amach torthaí OÓÉ chuig an gCeann Foirne agus an Aire Cosanta.

Leagann léaráid ar Shaolré an Ghearáin ar leathanach 54 na bealaí amach a thógann le linn an phróisis OÓÉ.

I 2008, bhreatnaigh m'Oifig 229 ngearán agus bhí 106 acu faoina dhlínse.

Maidir le 106 chás sin:

- ☉ 48 RB eisithe– méadú 23% ar an líon na rBanna a eisíodh i 2007.
- ☉ 34 Tuarascáil Dheiridh eisithe – méadú 17% ar líon na dTuarascálacha Deiridh a eisíodh i 2007

### **Fáthanna chun gearán nó achomharc a dhéanamh:**

I 2008, d'athchóirigh agus leathanaigh OÓÉ na catagóirí ina dtaifeadtar gearáin agus achomhairc. I mo Thuarascálach Bliantúla eile baineadh úsáid as *Drochriarachán* mar cheannteideal ina dtaifeadtar gearáin maidir le hábhair ar nós saoire bhliantúil, taifid pearsanta, conas gearán a dhéanamh trís an bpróiseas RoW agus achomhairc d'íocaíochtaí agus do liúntais a phróiseáil agus gearáin eile maidir le míchomromaíocht riaracháin.

I mbliana, thógamar gearáin as an gceannteideal seo a bhfuil ceangal níos mó acu le *Modhanna Riaracháin atá Bainteach le Gairmeacha*. Cuimsíonn an chatagóir nua seo gearáin agus achomhairc a bhfuil baint acu le gnóthaí ar nós scaoileadh, aithint cáilíochtaí, tuairiscí um fheidhmíocht bhreithmheasa, athsannadh, postú agus athgrádánú.

### ***Athchuart ar Shainmíniú:***


I mbliana, thug mé dhá chatagóir nua eile isteach: *Iompair Neamhchuí Líomhnaithe/Bulaíocht* agus *Ciapadh Gnéasach*. Baineann na catagóirí seo le cásanna a bhíodh faoin teideal *Ciapadh nó Bulaíocht*, ach beactaíodh iad le béim a chur ar an iliomad gníomhaireachtaí a d'fhéadfadh bheith gearánach. Tá na catagóirí nua seo comhsheasmhach leis Treoir Riaracháin A7 Óglaigh na hÉireann, a leagann síos beartas agus nósanna imeachta maidir le caidreamh idirphearsanta in Óglaigh na hÉireann. Imlíníonn agus catagóireann an treoir seo réimse iompair neamhchuí agus leagann sé an cur chuige síos chun tabhairt fúthu.

*Ciapadh Gnéasach* – tugadh isteach an chatagóir seo i mo Thuarascáil Bhliantúil 2008 lena áirithiú go dtaifeadfar aon ghearán nó achomharc den chineál seo go neamhspleách óna chéile. Cuimsíonn an chatagóir seo le réimse iompair neamhchuí mar a luaítear i dTreoir A7 a bhaineann le hiompar nach bhfuil fáilte roimhe, atá ionsaitheach, náireach agus/nó imeaglach. Ní bhfuair m'Óifig le linn 2008 nó aon bhliain roimhe sein aon ghearán maidir le *Ciapadh Gnéasach*.

*Iompair Neamhchuí Líomhnaithe/Bulaíocht* – taifeadtar go neamhspeách óna catagóirí ar mhaithe le soiléireachta, agus chun ár n-eolas a choimeád ar aon dul leis na catagóirí a úsáideadh sa Dara Thuarascáil leis an nGrúpa Neamhspleách ar Mhaoirseacht (IMG 2) a seoladh i Nollaig 2008. Baineann an chatagóir seo le réimse iompar neamhchuí a leagtar amach i dtreoir A7 mar mhí-úsáid choirp nó bhriathartha, iniúchadh nó cáin neamhréasúnach agus bheith ag baint an bonn ó údarás chomhgleacaí eile san ionad oibre. I 2008, ghlac m'Óifig 32 gearán maidir le *Iompair Neamhchuí Líomhnaithe/Bulaíocht*

Tugann an chatagóirí nua seo tuiscint níos beaichte ar na cúiseanna do chuireann baill nó iarbhaill cásanna faoi bhráid OÓÉ le haghaidh iniúchadh. Tá súil agam go gcabhróidh an chatagóirí nua seo lenár n-anailsiú ar chúiseanna gearáin.

### Anailís ar na cásanna in na cásanna ina n-eisíodh Tuarascáil Dheiridh:



Bunaíodh forais gearáin 106 cás i 2008 mar seo a leanas:

- ☉ 33 a bhain lé Nósanna Imeachta Roghnóireachta d'Ardú Céime.
- ☉ 32 a bhain le Iompair Neamhchuí Líomhnaithe nó Bulaíocht.
- ☉ 14 a bhain le Nósanna Imeachta Roghnóireachta do Chúrsaí Gairmeacha.
- ☉ 13 a bhain le Nósanna Imeachta Riaracháin atá bainteach le Gairmeacha.
- ☉ 12 a bhain le Drochriarachán.
- ☉ 2 a bhain le Nósanna Imeachta Roghnóireachta do Sheirbhís Thar Lear.

### Anailís ar na cásanna ina n-eisíodh Tuarascáil Dheiridh:

34 Tuarascáil Dheiridh a eisíodh dom le linn 2008. Maidir leis an 34 sin:

- ☉ seasaíodh le 20 cás (58.8%)
- ☉ níor seasaíodh le 5 chás (14.7%).
- ☉ seasaíodh le 6 chás (17.6%) go páirteach.
- ☉ scrúdaíodh 3 chás(8.8%) agus measadh go raibh siad Taobh Amuigh de na Téarmaí Tagartha ag an bpointe sin san imscrúdú.

***Gearáin nó achomhairc iolrá a glacadh i 2008:***

Maidir leis an 106 chás a glacadh chun imscrúdú i 2008, tháinig 27 gcás ó Ghearánach amháin. Is é seo an chéad uair do m'Oifig bheith ag deileáil le go leor gearáin ó dhuine amháin. Maidir le himlíniú an staidrimh seo thíos, ní bhaineann sé ach le hinscine, limistéar seirbhíse agus stádas seirbhíse na nGearánach 80 duine ná an 106 a chuir iarratais faoi mo bhráide.

***Gearáin ó Bhuan-bhaill, Bhaill-Cúlacha agus Iarbhaill Óglaigh na hÉireann:***

Maidir leis an 80 Gearánach indibhidiúil a chuir gearáin faoi bhráid OÓE i 2008:

- ☉ 71 (88.7%) a bhí ina bhall d'Óglaigh na hÉireann
- ☉ 3 (3.7%) a bhí ina bhall d'Óglaigh Cúlacha na hÉireann
- ☉ 6 (7.5%) a bhí ina iarbhall de Bhuan-Óglaigh nó d'Óglaigh Cúlacha na hÉireann.

Tá céadtadán na ngearán nó na n-achomharc a thagann ó Bhuan-bhaill na hÉireann comhsheasmhach ag 88% do bhlianta 2006, 2007 agus 2008.

***Inscine na nGearán:***

Maidir leis an 80 Gearánach indibhidiúil a chuir gearáin faoi bhráid OOÉ i 2008:

- ☉ 74 (92%) bhall nó iarbhall fireann Óglaigh na hÉireann.
- ☉ 6 (8%) bhall nó iarbhall baineann Óglaigh na hÉireann.

Tá céadtdán na mball fireann agus baineann Óglaigh na hÉireann a chuir gearán faoi bhráid m'Oifige bhreá comhsheasmhach le 2006, 2007 agus 2008.

Le haghaidh comparáid a dhéanamh déanann Tuarsacáil Bhliantúil Óglaigh na hÉireann 2007 nóta go raibh 560 ball baineann ar seirbhís i mBuan-Óglaigh na hÉireann 31 Nollaig 2007, nó 5.4 den bhallraíocht.

***Limistéar Seirbhíse na nGearánach:***

Maidir leis an 80 Gearánach indibhidiúil a chuir gearán faoi bhráid i 2008:

- ☉ 66 (82.5%) a bhí ina bhall nó iarbhall an Airm.
- ☉ 11 (13.8%) a bhí ina bhall nó iarbhall an Aerchoir.
- ☉ 3 (3.7%) a bhí ina bhall nó iarbhall na Seirbhíse Cabhlaigh.

Bhí méadú ar chéadtdán na ngearán agus na n-achomharc ag teacht ón Arm ná mar a bhí anuraidh, méadú ó 75% ar líon na gcásanna 2007 go 82.5% ar líon na gcásanna 2008.

*“Nuair a fhaghaim gearán nó achomharc is é réamhscrúdú a dhéanamh ar na fíricí an chéad chéim a thógáil. Caithfear fáil amach i dtósach báire má tá nó mura bhfuil an gearán faoi mo dhlínse.”*



I 2008, cuireadh 229 gcás faoi bhráid m’Oifige le haghaidh iniúchadh agus bhí 106 acu taobh istigh de théarmaí tagartha OÓÉ.

## Tráchtairachtaí ar Chásanna:



### ***Athruithe beartais de bharr moltaí OÓÉ:***

Príomhchuspóir is ea páirt a ghlacadh maidir le leasú a ghríosú agus a threorú don Ombudsman. Le linn scrúdú agus inscrúdú na gcásanna idibhidiúla, aimsíonn an tOmbudsman go minic modhanna agus cleactais riaracháin atá sean-aimseartha, á riarú go dona nó a bhfuil leasú de dhíth orthu. Tagann ceisteanna sistéamacha chun solais chomh maith. Nuair a eisím Tuarascáil Bhliantúil, cuirtear an mhíchotromaíocht riaracháin nó na nósanna imeachta lochtacha a raibh béim curtha orthu le linn mo bhreithnaithe in iúl don Aire Cosanta, Cheann Foirne agus don duine a chuir an gearán faoi bhráid.

I mo dhá Thuarascáil Bhliantúil eile, thaifead mé roinnt athruithe beartais a thug Óglaigh na hÉireann isteach mar gheall ar na moltaí a bhí i dTuarascálacha Bliantúla OÓÉ. Ceann de na buntáistí is mó leis an maoireacht riaracháin seo ná go bhféadfadh cinneadh i gcás amháin, ní hamháin go sarann sé Gearánach ó chion, a áirithigh sé go ndírítear ar chásanna eile den chineál seo sa chaoi nach mbeidh daoine mar ábhar cháis a bhfuil practicí lochtacha nó aimhrialtachtaí ag baint leis. Ag baint leasa ó mo thaithí féin, sna cásanna ina dtugtar an réiteach nár chuardaigh an Gearánach, aithnítear le linn scrúdú an cháis nach gcomhaontaíonn beartais nó nósanna imeachta riachacháin leis an dea-phraitic agus go dteastaíonn tuilleadh athbhreithniúcháin orthu.

Is ionann eagna agus láidreacht fhorais agus na buntáistí a ghnóthaíonn sé ó mhaoirseacht seachtarach. Le linn 2008, ghlac Óglaigh na hÉireann mar chúram orthu féin leasuithe a bhunú i roinnt réimsí a aithníodh i mo Thuarascálacha Bliantúla agus nuair a ghlac an tAire Cosanta le mo mholtaí. Lena n-áirítear:

### ***Teip gan chúiseanna a thabhairt maidir le cealú saoire nó teip gan chúiseanna an-láidir a thabhairt maidir leis an gcúis gan cealú saoire a chealú:***

Eascaíonn an fhadhb ó chás a imscrúdaíodh i 2008. Leag sé béim ar an gcur chuige ina ndéileáilítear le cealú saoire, uaireanta, laistigh d'Óglaigh na hÉireann. Ghlac an tAire Cosanta na moltaí a bhí sa Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an gcás seo agus díritear air sa dréacht nua i Rialúchán A. 11 d'Óglaigh na hÉireann a bhfuil athbhreithniúchán á dhéanamh air faoi láthair tríd an bhFóram Comhréiteach agus Eadrána. Féach *Achoimre Cáis 1*.

### ***Ag cur torthaí an agallaimh in iúl d'iarrthóirí atá ar saoire:***

Leag Tuarascáil Bhliantúil a eisíodh i 2008 béim ar réimse na drochphraitice seo. Áirdeáidh i mo Thuarascáil Bhliantúil 2007 easpa na nósanna imeachta leantacha maidir le fógra neamhroghnóireachta d'ardú céime agus do ghairmchúrsaí agus téip gan chúiseanna an-láidir a thabhairt maidir le neamhroghnóireacht. Tá súil agam go mbeidh dul chun cinn le feiceáil amach anseo ó tharla go bhfuil an Ceann Foirne ag stiariúadh athbhreithniúchán na rialúchán, na nósanna imeachta agus na dtreoracha maidir leis na praiticí sin.

### ***Aiseolas ó na boird roghnóireachta:***

Éagsúlacht mhór maidir le haiseolas ó bhoird roghnóireachta ba ea an t-ábhar is mó cúram dom le linn na bliana seo caite. Is é an cás go soláthraíonn boird roghnóireachta na nOifigeach aiseolas i scríbhinn d'iarrthóirí faoi na teidil "*láidreachtaí aitheanta*" nó "*ábhair forbraíochta*", agus go ngnóthaítear marcanna contráthra leis an gcritéir roghnóireachta. Tuigim go mbeidh an córas roghnóireachta nua d'ardú céime ar aon dul leis an gcóras ina dtugtar marcanna don iarrthóir contráthra leis an gcritéir roghnóireachta ar leith.

Leis an gcóras atá ann faoi láthair, tugtar aiseolas do phearsanra liostáilte ag tríd an bpróiseas roghnóireachta ar bun tuairisc measúnachta, ina dtugtar tuairisc ar liosta na n-iarrthóirí de réir ord fiúntais. Is é an cloch is mó ar mo phaidrín ná nach dtugtar cóip de na tuairiscí mheasúnachta d'iarrthóirí i ngach uile chás.

Chuir sé sásta orm a thuairsciú gur tugadh rochtain riaracháin, i Samhain 2007, do gach uile ghrád a gcomhaid pearsanta a atbhreithniú, toisc go raibh mé, agus go bhfuil mé, imníoch go gcuireann Gearánaigh in iúl dom go leanúnach gur chuardaigh siad an t-eolas trí chomhlíonadh na foirme Shaorála Faisnéise. Bheadh sé tairbheach dá bhfograíodh go forleathan an cinneadh chun rochtain riaracháin a thabhairt ar chomhaid pearsanta a atbhreithniú laistigh d'Óglaigh na hÉireann.

### ***Tagairt in agallamh do bhall eagraíocht ionadaíoch:***

Ba cheart ballraíocht duine nó do pháirtíocht duine in eagraíocht ionadaíoch gan bheith ina abháir cainte le linn agallaimh ná nach bhfuil taifead déanta dó ar thuairisc méasúnachta mura bhfuil gá é a luadh. Bhí sé mar chúram Cheann Foirne na nósanna imeachta a stiúradh ionas nach ndéanfar trácht don ábhar seo ag pointe ar bith le linn agallaimh.



### **Úsáid leantach de Threoir Riaracháin Cuid 10 agus teip chun mairtís marcála a thabhairt isteach chun oscailteach i nósanna imeachta an agallaimh a thaispeáint:**

In ainneoin go leor breithniúcháin agus moltaí i gcomhair leasú maidir leis an ábhar seo, cruthaíonn sé fadhbanna leantacha sna casanna a imscrúdaíodh i 2008.

Follasacht is ea an chuid bhunriachtanach in aon chomortas tionscnaimh. I 2004, luaigh an Grúpa Stiurtha ar Chothromaíocht ina mholtaí don Grúpa Neamhspleách ar Mhaoirseacht (IMG1) gur ceart córas nua a chruthú ina dtugtar d'iarrthóirí na marcanna a bhfuarthas le linn an phróisis agallaimh.

Táthar fós ag fanacht ar thabhairt isteach an leasaithe seo agus tá easpa follasachta i gcomórtais tionscnaimh ONC agus roghnóireachta. Díritear ar an gceist seo i nDara Thurascáil Ghrúpa Neamhspleách (IMG 2) ar Mhaoirseacht, a foilsíodh Nollaigh 2008, agus tugann leathanach den Tuairisc d'aire air seo, *"The IMG supports the greatest possible transparency in relation to the criteria and processes used by the PDF. Transparency promotes fairness."*

Níl amhras ar bith, maidir le líon na gcásanna a achomharcadh chun m'Oifige, gur ábhar casoide agus míchothromaíoch is ea na nósanna imeachta tionscnaimh agus roghnóireachta laistigh d'Óglaigh na hÉireann. Dhírigh mé ar an ábhar seo i mo Thurascáil Bhliantúil 2007 agus d'eascair dhá fhadhb a bhí bainteach leis i ndhá chás a chuir mé san áireamh i mo Thuarascáil Bhliantúil 2008. Chinntigh an tAire Cosanta mé go bhfuil an dréacht nua de Threoir Riachacháin "A" A2, a thabharfaidh isteach samhail tionscnaimh, ag an gcéim dheiridh bhreithniúcháin ag an bhFóram Comhréiteach agus Eadrána. Cuirtear fáilte roimh an bhforbairt seo atá in ann foinsí ghéaráin rialta maidir le ardú céime in Óglaigh na hÉireann a scríosadh. Táim breán bheith ag cur béime le linn mo bhreithnithe ar an bhfír nach bhfuil sé d'fheidhm ag an Ombudsman bheith in amhras ar nó bheith páirteach ar an mbord roghnóireachta nó in agallamh ach tá sé d'fheidhm agam a áiritigh gur baineadh úsáid ceart as na nósanna imeachta.

Ar ndóigh, mar a thug mé faoi deara i dTuarascálacha, agus mar a thug an IMG 2 faoi deara, feictar nadúr daonra sna tosca ina bhfuil níos mó iarrthóirí ag cur isteach ar árdú céime nó áiteanna ar ghairmchúrsaí, mar tig le daoine cúis gearáin a mhothú mar gheall nar roghnaíodh nó nar tugadh árdú céime doibh. Ba cheart do dtugann próiseas níos oscailte tuiscint shoiléir ar an dóigh a marcáladh/measúnadh ball agus scríosfar roinnt mothúcháin claonta, fabhair agus míchothromaíochta. Féach *Achoimre Cáis 2* agus *Achoimre Cáis 3*.

Cuireadh béim ar an gceist in *Achoimre Cáis 3* i dTuarascáil Bhliantúil OÓÉ 2007.

***Coimhlint leasa fhéideartha idir bhallraíocht Bhoird Roghnóireachta agus dhuine ag tuirisciú ar fhiúntas RoW:***

Tháinig an cheist seo chun solais i gcás scrúdaigh mé i 2008 agus tá na nósanna imeachta roghnóireachta curtha faoi chúram an Chinn Fhoirne agus á n-athbhreithnú aige ionas go seachnaítear aon tosca ina thuiriscítear duine ar fhiúntas RoW a rinneadh iarrthóir a d'fhéadfadh bheith ar an mbord roghnóireachta atá bainteach leis an nGearánach RoW.

***Caighdeánú na dtuarascálacha meanúnachta agus aon cháilíocht mar is iomchuí agus aon chritéir eile a chur san áireamh nuair atá coinní á bhfogairt:***

Léirigh roinnt cásanna a imscrúdaíodh i 2008 an gá d'athbhreithniúchán a dhéanamh ar an gcóras measúnachta ar fheidhmíocht a úsáidtear in Óglaigh na hÉireann d'ONCanna.

Bhí na tuariscí measúnachta ar fheidhmíocht agus iomlanú an eolais lena thugtar, chomh maith le critéir um roghnóireacht a soiléiriú nuair atá folúntais á dtairiscint, fós mar chúis gearáin i 2008.

Dhírigh mé ar an gceist seo i roinnt Tuarascálacha Bliantúla agus cuireann an córas ar thuarascáil mheasúnachta imní orm agus molaim go mór mór go ndeanfaí athbhreithniú air.

Chinntigh an tAire go dtugann sé lántacaíocht d'iarrachtaí Cheann Foirne tuairiscí measúnachta a chaighdeánú agus go n-áiritheoidh sé go soláthrófar aon cháilíocht agus chritéir mar is iomchuí nuair atá folúntais á dtairiscint.

***Coinní gníomhacha a chomhdú:***

Mar gheall ar mholadh a bhí i dTuarascáil Bhliantúil i 2008, ghlac an Ceann Foirne faoi chúram athbhreithniú inmheánach a dhéanamh ar sheasamh rialála maidir le coinní gníomhacha a chomhdú sna gráid ONC. Tháinig cásanna a bhain leis an gceist seo chun solais i 2008 in aineoinn na gcásanna roimhe sin ar a rinne mé trácht maidir le heaspa soiléireachta.

I gcás amháin, bhí imní ar bhall nach gcáilódh sé do phost buan mar níor éirigh leis na riachtanais do Choinní Gníomhacha a shásamh. Bhain dara chás le leathnú choinne ghníomhach a bhí ann cheana féin de bharr 'cúiseanna eisceachtúla'. Féach *Achoimre Cáis 4*.

De gheall ar na ndeacreachtaí agus n-aimhrialtachtaí a nochtadh le linn m'athbhreithniúcháin ar na cásanna seo, sheas mé leis na gearáin. Maidir leis an dhá chás bhí moilleanna míshásúla i bhfeidhmiú na leisgheasanna cé gur ghlac an tAire mo chinntí agus mo mholtaí. Chuir mé mo bhuarthaí in iúl ina dtaobh. Tá sé fíorthábhachtach nuair a sheastar le gearán nó achomharc an Ghearánaigh go ndéantar gach uile dhícheall agus is féidir an éagóir a cheartú agus an réiteach a sholáthar chomh luath agus is féidir.

### ***Athbhreithniú trí bhliana na gcásanna faoi bhráid OÓÉ:***

Triú thuarascáil bhliantúil de chuid OÓÉ is ae an tuarascáil seo agus tá sé in am dúinn trácht a dhéanamh ar na cúiseanna gearáin do bhaill indibhidiúla agus iarbhall d'Oglaigh na hÉireann i ndiadh trí bhliana feidhmíochta.

Mar a luaigh an mhír roimhe seo, tá mórathruithe tagtha laistigh d'Óglaigh na hÉireann maidir le moltaí sna Tuarascálacha Deiridh a d'éisigh m'Oifig agus a ghlac an tAire Cosanta.

I ndiadh breithniú ar chomhaid cáis OÓÉ le trí bhlian anuas tagann roinnt cúiseanna gearáin diansheasmhacha chun solais. Maidir le roinnt de na cúiseanna seo glactar le prionsabal an leasaithe, ach bhí cur i ngníomh an leasuithe, áfach, ro-mhoill dom.

### ***Tuairscí Measúnachta ar Fheidhmíocht:***

Cuid lárnach den córas ardú céime agus structúr forbraíochta ar fheidhmíocht in Óglaigh na hÉireann is ea na Tuairscí Mheasúnachta ar Fheidhmíocht– ar a dtugtar AF 667anna.

Le linn 2008, déileáil mé le roinnt cásanna ina raibh deacrachtaí agus duchláin ann maidir le tuairscí mheasúnachta ar fheidhmíocht. Féach *Achoimre Cáis 3*.

I gcásanna áirithe, níor nuashonraíodh AF 667anna an Ghearánaigh agus/nó ní raibh siad ceangailte lena gcomhaid. Chuir roinnt cásanna i 2006 and 2007 béim ar an gceist seo chomh maith.

Tarraingíodh aird ar an gceist cén tuairisc measúnachta a roghnaíodh trí roghnóireacht nó trí bhoird ardú céime. I gcásanna áirithe, ba dhóigh go raibh neamh-chomhsheasmhacht i gceist maidir leis na sonraí a bheadh faoi bhráid an bhoird roghnóireachta nó ardú céime agus cén comhaid a bheadh nó ar ceart don bhord agus/nó Uachtarán an bhoird bheith á lorg.

Dhírigh Céad Tuairisc an Ghrúpa Neamhspleách ar Mhaoirseacht ar ar an bhfiric gur, mar chuid dá bplean straitéiseach, gur raibh athbhreithniú á dhéanamh ag an Rannóg um Bainistíocht Acmhainní Daonra d'Óglaigh na hÉireann ar an gCóras Measúnachta ar Fheidhmíocht. Mhol an Tuairisc IMG2 gur ceart an athbhreithniú seo a dhéanamh anois. In aineoinn na dtráchtáí a rinne an IMG ina Chéad Tuarisc i 2004, is ábhar imní dom nach ndearnadh athbhreithniú air go nuige seo.

Ina gcomhthéacs agus i gcomhthéacs na gcásanna eile a cuireadh ar aghaidh chugam ina dtionscnaítear deacrachtaí, easaontas agus díospóid de bharr na ceiste seo, tá sé soiléir go bhfuil athbhreithniú de dhíth ar an gCóras Measúnachta ar Fheidhmíocht agus ar na nósanna imeachta a rialann cén cinéal cáipéisíocht ar cheart bheith faoi bhráid bord roghnóireachta nó ardú céime.

### ***Trédhearcacht sna Nósanna Imeachta d'Ardú Céime nó do Ghairmchúrsaí:***

Bhain deacracht athfhillteach a dhírigh cásanna a cuireadh ar aghaidh chugam i 2006 agus 2007, agus, go deimhin, 2008, le neamhroghnóireacht d'ardú céime nó ghairmchúrsaí. Féach *Achoimre Cáis 5*.

Ag baint leasa ó mo thaithí athbhreithniúcháin ar chásanna a bhí faoi mo bhráid le trí bhliain anuas, seasaim leis an tuairim nach maireann ardú céime foirfe nó próiseas roghnóireachta a seachnóidh an mhothúchán ghearáin a bhíonn ag duine nuair nach n-éiríonn leis sa phróiseas roghnóireachta. De ghnáth bunaítear díospóidí ar líomhaintí maidir le lochtanna sa chóras nó ar rialúcháin nár cuireadh i ngníomh mar is ceart san iompar roghnóireachta nó ardú céime. Beidh iarrthóirí míshásta i gcónaí i gcóras coinní iomaíocha. Níl amhras ar bith, áfach, bunaithe ar aighneachtaí agus na scéaltaí taobh thiar na ngearán a fuair mé, go leaghdóidh go mór agus go ráthúil trédhearcacht sa phróiseas aon mhothúcháin claonta, fabhair agus míchotromaíochta.

Tagann go leor ceisteanna chun solais maidir le ceart bhaill an bhoird agallaimh teagmháil bheith acu leis na hiarrthóirí. Chuir sé sásta orm, mar gheall ar toradh cháis amháin, gur aontaigh an Ceann Foirne bunú agallaimh agus na boird roghnóireachta a athbhreithniú chun tosca a sheacaint ina raibh Oifigeach a rinne measúnacht ar feidhmíocht an iarrthóra ar an mbord roghnóireachta. Faoi láthair, níor sholathraíodh aon chreathama maidir le críochnú na hathbhreithniúcháin seo. Ba dhul chun cinn iontach i laethanta tosaigh OÓÉ gur ghlac an Leas Ceann Foirne (Sp) na cásanna a bhí á bhreithniú agam agus na moltaí lena bhain faoi chúram aige agus thug sé na *Nósanna Imeachta Roghnóireachta Nua* isteach lena n-úsáid ar an toirt an 31 Iúil 2006.

Bhí na nósanna imeachta i ndáil le gairmchúrsaí agus postú thar lear amháin ach níor bhain siad le comórtais nó nósanna imeachta ardú céime. Moladh dom go raibh an Fóram Comhréiteach agus Eadrána ar tí bheith réidh le córas roghnóireachta agus ardú céime a thabhairt isteach. Chuir mé in iúl go gcuirim fáilte roimh thabhairt isteach na n-athruithe molta seo ar nósanna imeachta d'ardú céime agus roghnóireachta agus táthar ag súil go gcuirfidh siad le hoibiachtúlacht. Tá mé imníoch, afách, maidir leis an am atá á chaitheamh ar thabhairt isteach na leasuithe seo ar nósanna imeachta d'ardú céime.

Ó thabhairt isteach na nósanna imeachta sealadacha nua bhí laghdú súntasach i gceist maidir le líon na n-achomharc maidir le gairmchúrsaí agus postú thar lear. D'ionadaigh cásanna den chineál seo 46% de na gearán i 2007 agus laghdaigh sé go 15% i 2008. Tá líon na ngearán agus n-achomharc a bhaineann le hardú céime ard fosta ar an drochuair, ag baint le 35% na cásanna i 2006 agus 31% na cásanna i 2008.

Cuirim fáilte raomh aon leasuithe mholta maidir le nósanna imeachta d'ardú céime agus táim ag súil go dtabharfar isteach leibheál trédhearcaíochta níos fearr sa phróiseas.

### ***Cleactadh rúnaíochta an Oifigigh i gCeannas maidir le moltaí a dhéanamh:***

Díríodh ar an gceist seo i mo Thuarascáil Bhliantúil 2007 agus arís i 2008. Aithnítear gur ceart leis an Oifigeach i gCeannas roinnt cumhachtaí molta lánroghnacha áirithe a choinneáil mar tá sé mar chuid de phraitic agus de thradisiún Óglaigh na hÉireann.

Tá sé soiléir, afách, gur gcuirtear i gníomh i gceart cleactadh na cumhachta lánroghnacha seo chun iarrthóirí a mholadh do ghairmchúrsaí agus/nó ardú céime agus go raibh sé á cur i gníomh i gceart le fada.

Cuirim fáilte roimh an bhfíric gur aontaigh an Ceann Foirne conas lánrogha an Oifigigh maidir le hiarrthóirí a mholadh a athbhreithniú agus cén beartais ar ceart do a thabhairt isteach. Tá an Ceann Foirne le moltaí a dhéanamh chun na ceiste seo a réiteach agus cuirim fáilte roimh an duchlán chun an chúis ghearáin seo a réiteach.

### ***Duine neamhspleách ar gach uile bhord agallaimh:***

I 2004 mhol an Grúpa Stiúrtha ar Chothromaíocht gur ceart go mbeadh ar a laghad neamhbhall Óglaigh na hÉireann amháin ar gach uile bhord agallaimh. I mo Thuarascáil Bhliantúil 2007, chuir mé béim ar an bhfír nár cuireadh an moladh seo i bhfeidhm i gcónaí. Díriodh ar an gceist arís i 2008. Féach *Achoimre Cáis 3*.

Ar an drochuair, de bharr srianta praiticúla agus airgeadais níor glacadh an moladh seo in athdhréachta na Treorach Riaracháin A reatha.

### ***Stadás na gCór agus deiseanna ardú céime de bharr athchóiriú Óglaigh na hÉireann:***

Cuireadh béim ar dheacrachtaí a tháinig as athbhríonna agus míthuiscintí maidir le stádas Cóir agus cearta deiseanna d'ardú céime dóibh siúd a bhfuil baint acu le athchóiriú Óglaigh na hÉireann i 2008.

Cuimsíonn DFR A10 do na choinníollacha ginearálta maidir le hardú céime Fhógraí Gearáin (FGannas) idir Aonaid dhifriúla agus cuireann sé sásta orm gur aontaigh an Ceann Foirne Treoir Riaracháin Cuid 10 a bhaineann le cáilíocht/rochtaineacht baill den chineál seo do dheiseanna fostaíochta lena n-áirítear claontacht agus drédhearacht laistigh den phróiseas ardú céime a athbhreithniú.

Tháinig roinnt deacrachtaí chun solais agus tá sé soiléir dom go bhfuil mí-thuiscint ann maidir le coinníollacha ina d'fhéadfadh ardú chéime do Chéim Ghníomhach bheith ceadaithe i *"gcoinníollacha eisceachtúla"*. Tá sé sásta mar sin gur aontaigh an Ceann Foirne D/Riarachán a stirúradh chun rialúcháin agus nósanna imeachta agus treoracha maidir leis na coinníollacha seo a athbhreithniú. Tá mé sásta chomh maith go bhfuil D/Riarachán chun athbhreithniú a dhéanamh ar a sheasamh rialála maidir le coinní gníomhacha a chomhdú i gcéimeanna ONC mar gheall ar mo bhreithnithe maidir le riachtanas uanaíocht an phoist Ghníomhaigh a shoiléiriú a chruthaigh míthuiscintí agus mothúcháin mhíchotromaíochta.

***Torthaí an phróisis ardú céime agus roghnóireachta:***

Thug mé an breithniú faoi deara a bhí cuimsithe sa Tuarascáil IMG 2 go raibh dul chun cinn moill ar an gcóras nuashonraithe ar chomairle ghairme in aineoinn gur bunaíodh Oifig um Phleanáil Ghairme Mhíleata laistigh den Rannóg um Bainistíocht Acmhainní Daonna i 2005. Maidir le cásanna a chuireadh ar aghaidh chumam ó ONCanna measaim gur fágadh iad gan aon nuacht ar feadh tréimhse fada maidir le torthaí na nósanna imeachta d'ardú céime nó roghnóireachta. Thairis sin, bhí torthaí fánacha le fáil nó cuireadh iarrthóir ar an eolas ó dhuine eile nó ón duine a roghnaíodh nó a tugadh ardú céime dó fiú.

Measaim agus molaim go mór soléireacht agus comhsheasmhacht a fheidhmiú ar na nósanna imeachta maidir le comhlairle a thabhairt d'iarrthóirí maidir lena dtorthaí agus ba cheart go bhfaigheann siad tuairiscí measúnachta agus go bhfuil fáil acu ar dheis faisnéise agus treorach i dtaobh na ndeiseanna d'ardú céime.

*“I ndiaidh dom scrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar an ngearán nó achomharc eisím Réamhthuarisc Breithniúcháin (RB) ina leagtar síos na cinntí go dtí seo agus iarrtar tuilleadh eolais nó soléireachta, ag soláthar ceithre sheachtain i gcomhair freagraí.”*



I 2008, d'eisigh mé 48 Réamhthuaraisc Breithniúcháin, méadú 23% ar líon na RBanna a eisíodh i 2007.



## Staidéar Cáis



Cuimsíonn an rannóg seo achoimrí ar thrasghearrthacha na gcásanna a bhreithnigh mé i 2008.

Fuarthas cead na gcásanna seo a úsáid ó na daoine a dhírigh m'aird air. Is mór agam a gcúnamh. Oiread agus is féidir, scriosadh roinnt sonraí sonracha a bhain leis na cásanna chun neamhainmníocht na nGearánach a chinntiú.

Tá súil agam go dtugann na tuaiscí athchoimrithe léargas dúinn ar nadúr, raon agus castacht na ngearán agus na n-achomharc a bhreithnigh mé i 2008.



### ***Achoimre Cás 1 - Seasadh leis an nGearán***

**Saoire – Ceadú Saoire – Seirbhísí bhall riachtanach do chleachtadh – níor cuireadh agallamh air agus tugadh cúiseanna ina leith – Easpa soiléireachta maidir le fóralacha atá bainteach le ceadú saoire shaighdiúir singil agus ONCanna.**

Chuir an Gearánach isteach ar shaoirse bhliantúil agus tugadh saoire do thréimhse áirithe don chéad mhí eile do. Tarraingíodh siar an deonú saoire, áfach, mar cuireadh iallach ar an nGearánach páirt a ghlacadh i gcleactadh le linn na saoire. Chuir an Saighdiúir foirm iarratais ar Shásamh in Éagóracha isteach.

Cé gur mhaígh imscrúdú inmheánach Óglaigh na hÉireann nach raibh Oifigeach Ceannais an Ghearánaigh eolach, le linn an ama a tugadh an deonú saoire, ar an gceangaltas a bheadh i gceist don chleactadh. Mheas an Ceann Foirne, ina Rialú Meabhraithe, go ndearnadh éagóir don Ghearánach mar diultaíodh agallamh di lena hOifigeach Ceannais (OC).

D'aontaigh mé le tuairim Cheann Foirne go mbeadh agallamh den chineál seo buntáisteach mar mhodh ina féidir leis an nGearánach a imní a shoiléiriú maidir le tarraingt siar an deontú saoire. Níor tapaíodh ar an deis seo chun an gearán a réiteach ar an leibhéal is ísle agus is féidir.

Le linn m'imscrúdaithe bhí easnamh foirne in aonad an Ghearánaigh don chleachtadh, mar gheall ar cháileachtaí an Ghearánaigh, agus de thoradh ar sin, bhí sé riachtanach don Ghearánach páirt a ghlacadh sa chleachtadh.

Maidir le réiteach a sholáthar don Ghearánach, mheas mé gur gá béim a chur ar an díomá agus an míchaoithiúlacht go háirithe nuair nár tugadh deis don Ghearánach agallamh bheith aige lena OC. Molaim gur ceart aithint a thabhairt ar an ngearán.

Ina theannta sin, le linn imscrúdú an ghearáin, thug mé faoi deara go raibh easpa soiléireachta maidir le cén fóralacha a bhain le cealú saoirse do shaighdiúr singil agus FGanna agus molaim gur gá a shonrú go soiléir cén cinéal coinníollaíocha óna dtagann cealú saoirse agus cén nósanna imeachta a úsáid maidir le fogairt na ndaoine atá bainteach le cealú den chineál sin.

I ndiadh foilsiú mo Thurascála Bliantúla mhol an tAire mé gur iarr sé ar a oifigigh seasamh maidir le cealú saoirse i leith na Saighdiúr Singil agus na ONCanna a shoiléiriú agus an moladh seo a chuimsiú sa chéad athbhreithniú eile ar Rialúchán Óglaigh na hÉireann lena bhaineann.



## ***Achoimre Cás 2 – Níor Seasadh leis an nGearán***

**Ardú céime – Bord Agallaimh – Fíorú dá phlé an bord gach uile cháilíocht agus thaithí – Córas Marcála – ‘Grádú Iompair’ neamhchruinn an iarrthóra ráthúil.**

Ghlac an Gearánach páirt i gcomórtas ardú céime ach ba an thriúr Ghearánach é as cúigear ag deireadh an chomórtais. Bhí díoma air de bharr an toraidh, mar gheall ar a dhea-ghairm go nuige seo agus a thaithí i gcomparáid leis an iarrthóir ráthúil, agus chomhlíonaigh sé foirm iarratais Shásamh in Éagóracha ag cur dúchláin faoin gcinneadh.

I mo Réamhthuaisc Breithniúchán, léirigh mé i gcásanna den chineál sin dá bunaíodh bord agallaimh mar is ceart, agus má bhí gach taifead agus eolas lena bhain faoi sheilbh agus á cuir san áireamh go cuí, go leanúnach, de réir na gceannteideal a d’fhogair an critéir roghnóireachta, nach mbeinn in ann torthaí na gcásanna a athrú. Má thug an bord roghnóireachta tacaíocht don chinneadh le réasúnú dóthanach agus éifeachtach, ní bheadh sé oiriúnach dom bheith in amhras faoi nó mo leadar a chur isteach i ról an bhoird agallaimh.

Mhaígh an Gearánach nach raibh tuarisc an agallaimh ar aon dul lena cháilíochtaí, chúrsaí agus a choinní thar lear. Dheimhnigh Óglaigh na hÉireann ina bhfreagra, áfach, go raibh gach eolas a bhí bainteach cuimsithe sa fó-chomhad a cuireadh faoi bhráid an bhoird agallaimh agus cé nach raibh gach eolas agus is féidir cuimsithe i dtuaisc an bhoird agallaimh ní hámhain nach léiríonn sé nár cuireadh an t-eolas faoi bhráid an bhoird, ní léiríonn se nár bhreathnaigh an bord ar an eolas le linn a mbreithnithe.

I mo RB, chuir mé moltaí an Ghrúpa Stiúrtha ar Chothromaíocht i gcuimhne d'Óglaigh na hÉireann maidir le córais mharcála i gcomórtais ardú céime, agus d'iarr mé ar shonraí a fáil ar aon chás lena bhain córas den chineál seo. Cuireadh in iúl dom nár úsáid an bord córas marcála sna comórtais ardú céime ach gur úsáideadh “córas tagarmharcála” maidir le fó-comhaid agus agallamh ach gó háirithe gach iarrthóir. Ba thuarim an bhoird ina taobh nach n-athródh córas uasphointe toradh an iarrthóra.

Leag an Gearánach béim ar an bhfiric gur mhaígh tuairisc an agallaimh go raibh grádú iompair “eiseamláireach” ag an iarrthóir ráthúil agus go bhfuair sé tuairiscí thar lear “thar barr”. Chuir an Gearánach faoi bhráid an bhoird nach raibh a leithid sin ceart mór gearradh pionós air thar lear agus, dá bharr sin, gur ceart go raibh a ghrádú ‘go maith’ mar sin. Ina bhfreagra, mhaígh an Ceann Foirne go raibh earráid sa tuairisc breithmheasa ar fheidhmíocht (AF 667) a rinneadh san agallamh maidir le grádú iompair an iarrthóra ach go raibh an earráid céanna i dtuairisc an agallaimh, ach bhí boird an agallaimh eolach faoin gcoir mar luadh in AF 667 an iarrthóra a bhain lena sheal dualgais a bhí bainteach. Ba mhícheart an rogha “thar barr” mar cur síos ar thuariscí thar lear an iarrthóra, a maíodh, agus ní rabhtar i gceist ach tagairt do bhrí ghinearálta na dtuairisc ná an grádú iarbhír. Ar aon cuma, tuairiscíodh go raibh an t-iarrthóir ráthúil ardchéimíúil ar dhóigeanna eile agus, dá thoradh sin, go mbeadh an toradh céanna ag an mbord agallaimh.

In ainneoin na n-earráid riaracháin agus na n-easnamh ar a leag an Gearánach béim, agus do ghlac Óglaigh na hÉireann nóta de, bhreith mé nach raibh forais dóthanacha ar bith inar féidir liom cinneadh an bhoird agallaimh a chur ar leataobh. Bhí mé sásta go raibh ábhair inchreidte faoi braid an bhoird chun a gcinntí a dhéanamh.

Ag glacadh le mo tháthail, mhol an tAire mé chur an Ceann Foirne in iúl dá thacaíocht do chórais mharcála aontaithe, ar a leagtar béim ar a bhuntáistí de bharr an cháis seo. Moladh dom chomh maith go raibh na Rialúcháin dréachta nua ag an gcéim dheireanach dhréachtaithe.



### ***Achoimre Cáis 3 – Níor Seasíodh leis an nGearán***

**Ardú Céime – Neamhbhuach i gcómortas – Maíodh nár cuireadh dhá cháipéis thábhachtach faoi bhráid an bhoird agallaimh – Maíodh go raibh ráitis an bhoird agallaimh neamh-chomhsheasmhacha agus frithráiteacha – Má bhreithnigh taithí an Gearánaigh i gceart – Úsáid an tábhla uasphointí.**

Níor éirigh leis an nGearánach sa chomórtas ardú céime, ag críoch mar an triú iarrthóir as 22 iarrthóir. Chomhlíonaigh sé foirm iarratais Shásamh in Éagóracha (RoW), ag déanamh gearáin faoin dóigh a rinne an t-agallamh agus an nós imeachta roghnóireachta.

Ar an gcéad dul síos, mhaígh an Gearánach nár cuireadh dhá chápéis bunriachtanach lena fhó-chomhad agallaimh agus/nó nár cuireadh iad faoi bhráid an bhoird agallaimh. Bhain an céad cháipéis le litreacha molta maidir le misean thar lear a cailleadh agus dá thoradh sin ní cuireadh lena chomhad pearsanta iad ná lena fó-chomhad agallaimh. Sa dara dul síos, mhaígh sé go raibh tuarascáil measúnachta thar lear ar fheidhmíocht (AF 667A) in easnamh ina fó-chomhad agallaimh.

Níor díospóideadh go raibh na litreacha moltaí in easnamh ach, áfach, thuairiscigh an Ceann Foirne nach raibh gá don bhord agallaimh litreacha molta den chineál seo a athbhreithniú. Tuairisicíodh go raibh cead ag Uachtarán an bhoird agallaimh cuairt a thabhairt ar Oifig Taifead Líomatáiste agus comhad pearsanta an iarrthóra a cheadú ach, sa chás seo, níor thóg sé an deis seo. Thuairiscigh an Ceann Foirne sa bhreis cé nach raibh na litreacha sa bhfó-chomhad, bhí eiseadh na litreacha ar eolas ag an mbord mar rinneadh taifeadadh dó mar chuid d'AF 667A a cuireadh faoi bhráid an bhoird, ach d'iarr an bord mion cur síos a dhéanamh ar an misean thar lear sin. Bhí sé seo léir ón tuairisc agallaimh, a rinneadh trácht don 'sár-thuairisc thar lear' de chuid an Ghearánaigh.

Bhí sé sabhálte a rá go raibh an bord agallaimh eolach ar cháilíochtaí iontacha an Ghearánaigh ar mhisin thar lear agus ar eiseadh na litreach. Thairis sin, pléadh san agallamh a thaithí ar an turas sin agus tugadh aithint dá sárgrádú.

Bhain dara chuid chás an Ghearánaigh le ráitis an bhoird agallaimh a bhí mar chnámh spáirne dó mar, dar leis, bhí siad neamh-chomhsheasmhach agus neamhchuirinn agus go raibh an bord agallamh mícheart cinneadh a thógáil a mhaígh go raibh níos lú taithí ag an nGearánach i gcomparáid leis an iarrthóir ráthúil i réimsí áirithe. I ndiaidh dom an cás a imscrúdú, d'aontaigh mé le tuairim an Chinn Fhoirne a mhaígh nár luaigh an Gearánach ráitis an bhoird i gceart agus gur tógadh as comhthéacs iad. Má léitear ina chomhthéacs iomláine, ní raibh ráitis a luaigh an Gearánach neamh-chomhsheasmhach.

Ní raibh sé mar chúram agam measúnú a dhéanamh ar fhiúntais iarrthóir amháin ar fhiúntais iarrthóir eile, ach bhí sé mar chúram agam a áirithigh gur cláíodh le prionsabail nósanna imeachta cothroma agus le ceartas aiceanta agus bhunreachtúla. Maidir leis an gcás seo, bhreithnigh an bord agallaimh ar gach uile eolas riachtanach agus a bhí bainteach de réir dealraimh agus tugadh sonraí agus réasúnú dóthanach maidir leis an gcinneadh. Cé nach ionadh ar bith é gur mhothaigh an Gearánach éagóirithe, ní raibh mé den tuairim gur éagóireadh é de bharr cinntí an bhoird agallaimh.

Molaim gur ceart tábla uasphóintí a úsáid chun cuidiú le crúthú trédhearcachta le linn na nósanna imeachta roghnóireachta. D'adhmaigh an tAire go bpléifear céist an tábhla uasphóintí i ndruchtú na rialúcháin lena baineann.



#### ***Achoimre Cáis 4 – Seasadh leis an nGearán***

**Ardú céime – Diúltú do leathnú an Rangú Gníomhaigh (íochta) – Ionchas réasúnach go mbeadh na cúramaí agus freagrachtaí céanna aige – Modhanna riaracháin míéagóracha – Neamh-incháilithe do chúrsa riachtanach de bharr gortaithe – I dteideal tarscaoileadh a fháil.**

Ba cheannaire an Gearánach ach, ar feadh dhá bhliain, bhí Céim Gníomhach (íochta) aige mar Sháirsint. Níor ceadaíodh iarratas do Chéim Gníomhach a leathnú ar feadh bliana eile. Chuir an tOifigeach Ginearálta i Seirbhís ar an mBriogáid (General Officer Commanding the Bridge – GOC) in iúl nach raibh an Gearánach in-cháilithe i leith ardú céime a fháil go suntasach mar ní dhearna sé an Gnáthchúrsa ONC, ach dhearbaigh sé go ndéanfar athbhreithniú ar leibhéal foirne amach anseo agus go n-athbhreithneofar an t-iarratas ansin. Chomhlíonaigh an Gearánach foirm iarratais Shásamh in Éagóracha, ag maíomh gur cuireadh bac ar a dheiseanna ardú céime laistigh d'Óglaigh na hÉireann go héagórach agus go giorrach, agus neamhceadú do thréimhse Gníomhach eile a fháil mar bhuachphointe ar an bhfadhb.

Ó atheagrú Óglaigh na hÉireann de réir Plean Athreagrú agus Forfheidhmiú Óglaigh na hÉireann (DFRIP) i 1998, gearradh siar go mór mór líon na bpost in aonad an Ghearánaigh agus níor cuireadh aon phost eile in ionad, in ainneoin ualach oibre méadaitheach. Bhí an-mheas ag uachtaráin an Ghearánaigh, a raibh dulgais Sháirsint aige, agus bhí taifead fostaíochta thar barr aige chomh maith. Mar aitheantas ar na coinníollacha eisceachtúla seo, tugadh ardú céime mar Sháirsint Gníomhach (íochta) dó ar feadh tréimhse dhá bhliain.

Nuair a chuir sé isteach ar an bhfolúntas arís, níor glacadh lena iarratas mar ní raibh aon fholúntas den chineál sin ina aonad, a mheastar bheith riachtanach de réir Rialúcháin Óglaigh na hÉireann. D'áitigh an Gearánach go raibh ionchas réasúnta aige go leanfadh an socrú Gníomhach ar aghaidh nuair nár aithríodh a ualach oibre ná a fhreagrach ach, is dóichí, gur méadaíodh go mór iad. Mhaígh sé raibh an cinneadh maidir le leathnú na Céime Gníomhach contrártha le cothram agus dea-riarachán mar bhíothas ag súil go nglacfadh sé an leibhéal freagrachta agus dulgais céanna faoi chúram aige ar bonn céim agus tuarastal níos ísle.

Níor éirigh leis an nGearánach le roinnt iarratais, ar feadh cúpla bliana, maidir leis an nGnáthchúrsa ONC atá riachtanach chun ardú céime do chéim an Sáirsint a fháil. Diúltaíodh roinnt iarratais an Ghearánaigh mar gheall ar easpa foirne, nach raibh aon cheapúchán do bhunú Sáirsint agus maidir le hiarratais a cuireadh isteach níos déanaí diúltaíodh iad de bharr gortú marthanach a fuarthas ar seirbhís thar lear. Chuir an Gearánach isteach ar dhíolúine ó roinnt scrúdaithe mar gheall ar a ghortú fadtréimhseach agus moladh tarscaoileadh. Nuair nach bhfuair sé tuilleadh eolais ina taobh, dúradh leis nach raibh na húdaráis eolach maidir le hiarratas den chinéal sin.

Nuair a chuir an Gearánach isteach, de réir Rialúcháin Óglaigh na hÉireann maidir le tabhairt ardú céime ar bonn 'eisceachtúil', d'áitigh Óglaigh na hÉireann nach raibh na forálacha seo infheidhme ach amháin nuair a bhí gá do Chéim Ghníomhach Oifigeach Neamhchoimisiúnta a ionadú. D'áitigh an Ceann Foirne gur glacadh 'go mícheart' le dhá hiarratas a chuir an Gearánach isteach roimh sin maidir leis an bhfolúntas Ghníomhach agus d'éitigh sé spairn an Ghearánaigh go raibh baill eile ag fáil ardú céime do Chéim Ghníomhach (íochta) nach raibh ag ionadú baill eile laistigh den aonad.

Ar imscrúdú na Rialúcháin a úsáideadh, ní soláthraíodh aon fhianise a thacódh iarratas an Chinn Foirne nach féidir le Ceim Ghníomhach (íochta) a cheadú nuair nach raibh aon *'appointment in the establishment for that rank'*. Bhain roinnt de na Rialúcháin le hardú céime do Chéim Ghníomhach (neamhíochta). Ar aon chuma, ní raibh easaontacht i gceist maidir leis riachtanas fur gá folúntas atá ann cheana féin faoin rannóg sin leis na Rialúcháin a cheadaigh ardú céime den chineál sin "ar bonn eisceachtúil". Táim den chinneadh go raibh an oiread sin easpa soiléireachta idir na fóralacha éagsúla a luadh chun athbhreithniú ar riarachán choinní um rólanna Ghníomhacha a chur ar bun.

Miaidir le gearán an Gearánaigh, bhí mé den tuairim, ar a laghad, go raibh ionchas réasúnta aige go leanfadh a sonrú dá stádas Ghníomhach (íochta) mar gheall ar 'choinníollacha eisceachtúla'. Ní raibh sé cóir go rabhas ag súil go nglacfaidh an Gearánach leis na dualgais agus freagreachtaí céana ar chéim agus thuarastal níos ísle.

Thug an Ceann Foirne le tuiscint gur ceart le litir a shínigh uactaráin an Gearánaigh *"be viewed with some degree of circumspection"*, mar níor thuig duine a shínigh cúis na litreach, de reir dealraimh. Cheistigh mé fiúntais na n-aighneachta seo a d'airbheartaigh *bona fides* na litreach a cheistiú nuair a shínigh beirt uachtarán an Ghearánaigh í. Níor soláthraíodh aon eolas ná fhianaise chun an aighneacht a thacú.

Cheistigh an Ceann Foirne mo dhlínse sa chás seo, ag aitiú gur bhain an bac éagórach líomhnaithe agus ciorrúchán maidir le deis ardú céime an Ghearánaigh le *"matter concerning the organisation, structure and deployment of the Defence forces"* mar a imliníodh i m. 5(1)(d)(ii) Acht an Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004. Ag féachaint do gach uile toisc sa chás seo, bhí mé den tuairim gur bhain an gearán le riarachán éagórach.

Cé go bhféadfadh dualgais agus freagrachtaí bhreise an Ghearánaigh teacht ón bhfiric gur gearradh síos go mór líon na bhfolúntas nár ionadaigh sé an post DFRIP i 1998, gearánaíodh mar gheall ar an dóigh a cuireadh bac ar a dheiseanna fostaíochta go héagórach.

Bhain mé de tháthail as gur caitheadh go dona leis an nGearánach mar gheall ar neamhchomhsheasmhacht riaracháin agus drochriaracháin. Mhol mé gur ceart an Gearánach a athcheapadh don phost mar Sháirisint Gníomhach (íochta) agus gach tuarastal agus liúntais agus fabhrú atá bainteach a siardhátú go dtí an dáta ábartha. Mhol mé gur gá breithniú dháiríre a dhéanamh ar an gceist ar a tharraing an Gearánach aird maidir lena cháilíocht an Gnáthchúrsa ONC a dhéanamh agus gur ceart tosaíocht a thabhairt dá iarratas ar tharscaoileadh an mhodúil “Run” dá bharr a ghortú.

Glac an tAire mo mholadh chun an Gearánach athcheapadh don phost mar Sháirisint Gníomhach (íochta), siardhátaithe do dtí an dáta ábartha. Leanfadh an argóint ar aghaidh go dtí go ndeanfaí athbhreithniú ar leibhéal foirne agus forfheidhmiú an chinnidh a thógfaí. Maidir leis an tarscaoileadh ar an modúil “Run” den ghairmchúrsa, bhí an tAire den tuairim nach raibh forálach ann don tarscaoileadh.

Chuir sé an-imní orm nach bhfuair an Gearánach aon thuarastal siardhátaithe trí mhí tar éis do ghlac an tAire mo mholadh. Chuaigh mé i dteagmháil le hÓglaigh na hÉireann agus leis an Rannóg Pá Oifigeach in Óglaigh na hÉireann a thug dearbhuithe dom go bhfaighfeadh an duine á iarr íocaíocht láithreach ar an liúntas Ghníomhach (aisíocaíocht san áireamh).



### ***Achoimre Cáis 5 – Seasadh leis an nGearán***

#### **Neamhroghnúireacht – Nós Imeachta róghnúireacht – Méadú spriocdáta an chomórtais – Gan Fogrú an mhéadaithe a fháil – Ardú céime – An ball breise**

Rinne an Gearánach gearán maidir lena neamhroghnúireacht don 22ú Ghnáthchúrsa ONC de réir na caipéise *“Selection for Career Advancement Courses and Selection for Overseas Service”*. Rinne an Gearánach go leor iarratais maidir leis an dóigh a rinne na nósanna imeachta agus i dtaobh earraí líomhnaithe maidir leis an dóigh a cuireadh a Tuarascáil Aonaid ar Mheasúnacht le chéile agus chuardaigh sé roinnt réiteach. Mar fhianaise, thuarascaigh an Gearánach gur ghnóthaigh sé dhá phointe de bharr dhá chúrsa míleata a rinne sé go ráthúla in ainneoin go ndearna sé an íosmhéid de 15 chúrsa le linn a ghairme.

Thuarascaigh an Gearánach chomh maith nár bainead úsáid as a tuarascálacha méasúnachta um fheidhmíocht go léir agus a scór á íomlánú. Mhaígh sé nuair a chuir sé é seo in iúl don Oifigeach Áitiúil i gCeannas in agallamh leis, theip sé ar an scór a athrú. Mhaígh an Gearánach gur moladh le linn an chruinnithe seo gur athraíodh an rannóg seo i ndáil le Foireann na Seirbhíse Cabhlaigh chun scór úasmhéidte chúig phóinte a sholáthar.

Maidir le raon an taithí míealta um sheirbhís thar lear, mhaígh an Gearánach nach bhfuair sé scór ach ar mhisean thar lear amháin in aineoinn go raibh sé ar seirbhís faoi dhó i ndhá chéim dhifriúil. Cé gur iarr an Gearánach na treoracha um scóráil *branch* a cheadú, maíonn sé nár tugadh riamh do na treoracha scórala a úsáideadh.

Chuir an Gearánach achomharc faoi bhráid maidir leis an nós imeachta roghnóireachta agus le linn an ama a chuir sé a iarratas ar Shásamh in Éaróracha isteach, ní bhfuair sé aon fhreagra i scríbhinn maidir lena iarratas. Roimh dó an achomharc a chur isteach, d'athbhreithnigh an Gearánach a chomhad pearsanta agus thug sé faoi deara gur moladh do chun an Gnáthchúrsa ONC den 21ú NS a dhéanamh. In ainneoin an mholadh seo, ní bhfuair sé aon AF 677B agus ní raibh ann ar an Tuarascáil Aonaid ar Mheasúnacht ach a uimhir, a chéim agus a ainm agus níor comhlíonaíodh aon scór.

Dar le Tuarascáil an Achomhairc, níor leanadh na nósanna imeachta cearta agus caitheadh go héagórach leis an nGearánach. Thairis sin, rinne an tOifigeach Míleata um Imscrúdú (MIO) tuarascáil a bhain de thátal as nach ndearadh aon éagóir do maidir leis an dóigh ina a dtugadh marcanna dó i ndáil leis an gcritéir a cuireadh ar fáil. Measadh, áfach, gur ceart póinte sa bhreis a thabhairt don Ghearánach don rannóg *“Range of Military Experience on Overseas Service”*. Cuireadh trácht leis nach mbogfadh an marc seo an Gearánach as an gceathrú háit ar fiúntais.

I ndiadh don Ghearánach Rialú Meabhraithe Oifigeach Bratach i gCeannas ar an tSeirbhís Chabhliagh (FOCNS), d'iarr an Gearánach gur gcuirfí a iarratas faoi bhráid an Chinn Foirne. Le linn na tréimhse eatarthu, bhain FOCNS, mar fhreagra ar litir ón nGearánach maidir le soiléireacht, gur ghníomhaigh an Measúnóir go mícheart tríd an uasmharc a d'fhéadfaí a thabhairt ar gach uile rannóg a athrú go treallach. Cé gur measadh go raibh fadhb theicniúil leis an dóigh a marcáilleadh, measadh chomh maith gur bhreithnigh an marc an tábhachtach ar leith a bhain leis an dhá chritéir thar lear maidir leis an measúnú áirithe agus gur cuireadh i bhfeidhm mar sin do gach uile iarrthóir a bhí bainteach. Glacadh leithscéal ar son na Seirbhíse Cabhlaigh as an neamhchinnteach agus an mbrón a rinneadh de bharr na hearraíde.



Rialaigh an Ceann Foirne gur ghníomhaigh an Meastóir go mícheart tríd an uasmharc a athrú a d'fhéadfaí a thabhairt ar gach uile rannóg agus bhain sé de tháthas as nach raibh sé d'údarás é seo a dhéanamh. Dá thoradh sin, measadh go ndearadh éagóir dó a raibh sásamh in éagóracha de dhíth uirthi.

De bharr botúmn riaracháin, thuairiscigh an Ceann Foirne nár cuireadh ach measúnú amháin sa tuarascáil thar lear agus mhaígh sé dá gcuireadh an Tuarascáil bhreise leis go bhféadfadh sé torthaí an mhéasúnaithe a athrú.

Thuairiscigh an Ceann Foirne, áfach, nár fhreastail an Gearánach ar an gcritéir sonracha don Ghnáthchúrsa ONC agus ní raibh na cáilíochtaí gairmiúla aige chun é a chríochnú agus, dá thoradh sin, ní raibh sé i dteideal measúnú iomláine a fháil. Bhreithnigh an Ceann Foirne gur ceart don Ghearánach, de réir glacadh an Rialaithe, áit a fháil ar an gcéad Ghnáthchúrsa ONC eile faoi réir dó freastal ar an gcritéir chun an cúrsa a dhéanamh. Mhol sé chomh maith gur ceart a iarratas an Ghearánaigh go dtí críochnú an chéad Ghairmchúrsa eile a athbhreithniú mar cheann d'iarrthóir a d'éirigh leis go ráthúil sa Ghnáthchúrsa ONC. Bhí an réiteach mholta seo faoi réir an Gearánach bheith molta i leith ardú céime agus ní bhfaighfeadh sé ardú céime go dtí go ndéanfadh sé an chéad Ghnáthchúrsa ONC eile go ráthúil. Mhaígh an Gearánach go caitheadh go héagórach leis agus go raibh míbhuntáiste ghéar aige ó tharla nach raibh sé in ann cur isteach ar an bpost go dtí go bhfuair sé dearbhú an Chinn Foirne agus bhí sé ró-dhéanach ag an bpointe sin.

Bhí sé mar ábhair imní orm i mo Thuarascáil Dheiridh gur mhaígh an Ceann Foirne gur fadaíodh spriocdháta an fholúntais go speisialta don Ghearánach agus bheartaigh an Gearánach gan glacadh le rialú an Chinn Foirne agus d'iarr se go gcuirfí an gearán ar aghaidh chugam. Chuardaigh mé déarbú chun fáil amach má chuir an Gearánach isteach ar an gcomórtas ó tharla gur fadaíodh an spriocdháta do. Mhol an Gearánach mé nach bhfuair sé fógra ag am ar bith ó Óglaigh na hÉireann go fadófaí an spriocdháta. Bhí mé imníoch maidir leis an eolas a cuireadh ar fáil dom ó Óglaigh na hÉireann mar ba léir dó go ndearna an Gearánach cinneadh, nuair a moladh do go raibh baint idir an spriocdháta agus glacadh Ceann Foirne leis an Rialú Meabhraithe. Moladh an Gearánach, i ndáil leis an bhfolúntas á tairisicint, go ró-dhéanach go raibh sé cáilithe chun cur isteach air nó go raibh an spriocdhátha athruithe ar a mhaithe féin.

Thuairiscigh mé chomh maith moltaí an Chinn Foirne a mhol go raibh Sásamh in Éagórach níos buntáistí mar leigheas ar an scéal ná an éagóir a bhí ag an nGearánach ó tharla go mbeadh sé ar chomhchéim leis féin dá mbeadh an Gnáthchúrsa ONC déanta aige.

Sonraíodh na cinntí agus na moltaí seo, áfach, i gcomthéacs an eolais a tugadh dom sa chumarsáid chéanna, gur chuir an soiléireacht eisithe ag FOCNS in iúl don Ghearánach go raibh sé in ann cur isteach ar an bhfolúntas mar a fograíodh agus d'fhéadfadh sé cur isteach ar an bhfolúntas ó tharla gur fadaíodh an spriocdháta. Mhol mé gur ceart ardú céime a thabhairt don Ghearánach, mar bhall de bhreis chomh luath agus is féidir.

Bhí an tAire den tuairim gur leag an gearán seo béim ar fhadhbanna riaracháin. Mhol sé gur stiúir an Ceann Foirne gur ceart an ghníomh ceart a thógáil maidir le nósanna imeachta riaracháin ina bhfuil ceacht le foghlaim ó chás.

In ainneoin seo, níor ghlac sé mo mholadh chun ardú céime a thabhairt don Ghearánach mar bhall de bhreis. Níor chuir an tAire mo chinntí san áireamh nár tugadh riamh an litir don Ghearánach ina moladh do gur fadaíodh an t-am le go mbeadh sé in ann cur isteach ar an gcomórtas.



### ***Achoimre Cáis 6 – Níor Seasadh leis an nGearán go Páirteach***

**An Bord Leighis – Cúiseanna i leith an Bord Leighis a thionól – Teastas Práinne – Sásamh in Éagóracha neamhchomhlánaithe roimh an Bord Leighis a thionól – Comhcheilg Líomhnaithe– Leanacht ar aghaigh an Bhoird Leighis.**

Diagnóisíodh an Gearánach le riocht sláinte i 1997 agus ní raibh sé ina ábhar gearáin do. Bhain an Sásamh in Eagóracha le bunú an Bhoird Leighis.

Shinigh an tOifigeach Leighis an t-ordú comórtha don Bhord Leighis. De réir Cuid 4 na cáipéise, cuireadh spás ar fáil do chúiseanna an ordaithe. Cuireadh an cáipéis a bhí sa chomhad a fuarthas ó Oifigh an Chinn Fhoirne leis an rannóg seo faoi cheilt agus ní raibh sé inléite dá bharr. Bhí cóip den fhoirm faoi iarm an chomhaird ina leagadh amach na cúiseanna inléite do cuireadh an Gearánach faoi bhráid an Bhoird Leighnis. Chuir an cheist seo inmí orm agus in ainneoin fur eisíodh Teastas Práinne chuig an nGearánach níor comhlánaíodh a RoW roimh thionól an Bhoird Leighis agus sin tús na cúise ghearáin ar an gcéad dul síos.

Dhearbaigh an Tuarascáil an Oifigigh Mhíleata Iniúchára (MIO) nach ndearna an Bord aon chinneadh neamhfhabhrach maidir le seirbhís leantach an Gearánaigh in Óglaigh na hÉireann. Ba léir go raibh coimhlint faisnéise maidir le cúiseanna do thionól an Bhoird. Tuaraiscíodh gur bhain an tArd-Oifigeach Leighis de tháthail as gur gá dianscrúdú a dhéanamh ar stair leighis agus gairme an Gearánaigh. Thuairiscigh an Gearanach gurb í an fáth a sholáthraigh an tOifigeach Leighis go raibh sé de dhulgas aige bheith faoi bhráid an Bhoird Leighis ó tharla nach raibh sé in ann airm a bheir. Dar le Tuarascáil MIO cé nach ndearna an Gearanach aon seirbhís armtha 24 uair a chloig, bhí seirbhísí eile faoi chúram aige agus raonchleactadh bliantúil le linn na tréimhse sin.

Le linn na nósanna imeachta RoW, rinne earráid riaracháin agus dá bharr sin dátaigh an Bord Leighis a Thuarascáil 5ú Iúil 2007, roimh chríochnú RoW an Gearánaigh. Eisíodh Tuarascáil ó Aonad an Ghearánaigh ach níor ceapáíodh MIO i ndáil le téarmaí Rialúcháin Óglaigh na hÉireann. Níor cuireadh tús le nósanna imeachta RoW go dtí gur ceapadh MIO an 3ú Iúil 2007.

Leag an Ginearálóifigeach i gCeannas ar an mBriogáid (GOC) na tosca amach ina Rialú Meabraithe a bhain leis an earráid ghnásúil agus bhain sé le gearán an Gearánaigh gur ceart do bheith molta do scaoileadh ag Bord Leighis. Stiúir an GOC gur ceart béim a leag ar na héarráidí gnásúla atá bainteach leis an bhfoireann lena n-áirítear nach ndéanfar arís iad amach anseo. Bhain an GOC de tháthail as nach raibh tionchar acu ar thóirthe an Bhoird Leighis. De réir dealraimh bhí bunús a thacaigh a chonclúid. Níor aimsigh mé aon fhianaise sunstaintiúil chun bunús a thabhairt le an gcomhcheilg líomhnaithe a mbeadh an toradh do scaoileadh an Gearánaigh dá réir.

Ag feachaint ar na tosca go léir, agus in ainneoin na lochtanna gnáthúla a thrúig tionól an Bhoird Leighis agus an dóigh a “scoith” siad an nós imeach RoW, bhí mé den tuairim go thaispeáin tionól an Bhoird Leighis nuair a thosaigh Gearanach le RoW, a raibh maol substaintiúil de réir éarráidí riaracháin, na modhanna riaracháin neamh-inmhianaithe. Déanta na fírinne, áfach, sholáthair cinntí an Bhoird Leighis comhartú agus dearbhú dá neamhspleáchas agus dá iomchuíbhacht ina athgrádaíodh aicmiú an Ghearánaigh go fábharach.

Molaim gur ceart na nósanna imeachta do thosca na gcás a d’eascair as an gcás seo athbhreithniú agus a shoiléiriú. Mar gheall ar an neamhchinnteacht agus imní a bhí ag an nGearanach le linn na tréimhse seo nuair a bhí sé i mbun an RoW a phróiseáil, táim den tuairim go raibh ceart aige bheith buartha faoi na tosca a bhain le tionól an Bhoird Leighis.

Mar fhreagra ar mo Thuarascáil Dheiridh chuir an tAire in iúl a aiféala maidir leis na héarráidí gnáthúla sa phróiseas RoW agus mhol sé gur leagadh béim ar na hearráidí don fhoireann atá bainteach ionas nach ndéanfar an earráid arís amach anseo. Maidir le huainiú an Bhoird Leighis agus an RoW sa chás seo, thaispeáin an tAire go maireann na nósanna imeachta maidir le tionól Bhord Leighis go neamhspleách ó na nósanna imeachta sásaimh agus cé gur gá breithniú ar gach uile chás ar bunn a fiúntais féin, ní raibh riamh ar intinn againn riamh go mbeadh na nósanna imeachta sásaimh níos údarásaí ná aon ghníomhuithe riaracháin eile de chuid Óglaigh na hÉireann.



### ***Achoimre Cáis 7 – Gearán Laismuigh dLínseacht***

#### **Dlínseacht – Gníomh líomhnaithe roimh bhunú OÓÉ – Gníomhaíocht líomhnaithe roimh bunú OÓÉ – Leithscéal – Idirghabháil luath**

Chuir an Gearánach sa chás seo an gearán faoi mo bhráid go díreach.

I dtósach báire moladh don Ghearánach go raibh teorainn ama lena ghníomh líomhnaithe mar tharla sé roimh bhunú OÓÉ; bhí teorainn ama ar an nGearánach chomh maith mar bhí dáta an ghnímh líomhnaithe níos mó ná an tréimhse 12 de réir forálacha an Achta. De ghnáth, mar bhall ar seirbhís in Óglaigh na hÉireann, bheadh iallach ar an nGearánach a ghearán a chur faoi bhráid trí nósanna imeachta Shásamh in Éagóracha mar ní bheadh sé ceart do an gearán a chuir chugam go díreach. I ndáil leis na hábhair seo, léir tuilleadh fianaise gur chomhlíonaigh an Gearánach foirm iarratais Shásamh in Éagóracha agus d'achomharc sé an cinneadh go dtí an tAire Cosanta, roimh bhunú OÓÉ, a rialaigh ar an gceist seo.

Chuaigh mé i dteagmháil leis an nGearánach chun na deacrachtaí dlínseachta a mhíniú do. De réir na dtreoracha a bhí an Gearánach á dtabhairt go raibh roinnt réiteach le soláthar de bharr rialú an Aire. Mhaígh an Gearánach go raibh leithscéal de dhíth dá thuismitheoirí as ucht na hancra agus an t-eolas neamhchruinn agus míthreorach a tugadh dóibh i dtaobh an Ghearánaigh maidir lena sheirbhís thar lear.

Chuir an Gearánach faoi iamh chomh maith gur ceart, de bharr cinntí an Aire, an tuarascáil áibhirseach a scríos óna taifid.

Rinne mé teagmháil le hÓglaigh na hÉireann mar gheall nach raibh an cás seo faoi mo raon feidhme ach theastaigh uaim fáil amach dá mbeadh seans na réitigh fhorghníomhú. Mhol Óglaigh na hÉireann mé i ndiaidh sin go raibh ceist an leithscéil a bhí de dhíth ar na tuismitheoirí faoi lámh na Roinne Cosanta. Fuarthas tuilleadh teagmhála ó oifigeach na Roinne Cosanta a d'aithin nár réitíodh an cheist ar an drochuair. Fuair mé tuilleadh teagmhála ón Roinn Cosanta a dhearbhaigh gur cuireadh moltaí faoi bhráid an Chinn Fhoirne maidir le leithscéal, a dhírigh ar upset an dtuismitheoirí, a ghlacadh do na tuismitheoirí.

Labhair mé leis an nGearánach chun a gcuimhne ar an eachta a chur le chéile in ord ama ó bhí mé feasacht ar imní an Ghearánaigh. Chuir mé in iúl do an t-eolas a bhí agam maidir leis an leithscéal a bhí le teacht. Bhí an Gearánach fíor-chuíoch de na hiarrachtaí a rinneadh sa chás seo ina taobh. Dúnadh an cheist ina dhiadh. Cé gur cás a thaifeadhtar mar cheann atá Laismuigh de Théarmaí Tagartha (OToR), léiríonn sé an dóigh ar féidir le hidirghabháil luath faoi stiriú OÓÉ torthaí dearfacha a fháil agus tuilleadh suaite a sheacaint.

*“I ndiadh an t-eolas iarrtha, soiléirithe agus aon aighneacht eile a eascaíonn as freagraí an PVR a athbhreithniú, eisim Tuarascáil Dheiridh a sheoltar chuig an Aire Cosanta, an Ceann Foirne agus an Gearánach.”*



I 2008, d'eisigh mé 34 Thuarascáil Dheiridh, méadu 17 % ar líon na dTuarascálacha Deiridh a eisíodh i 2007.

## Gnóthaí Chorpharáideacha:



### **Meitheal Oibre OSCE:**

Mar a tuairiscíodh i dTuarascálacha Bliantúla 2006 agus 2007, tugadh cuireadh dom bheith rannpháirteach sa Grúpa Saineolaí de chuid na hEagraíocht Slándála agus Comhoibre in Eoraip (OSCE) ar chearta daonna agus saoirí bunriachtana fhoireann na fórsaí armtha.

Tá an tionscadal i gcomhpháirt le hOifig um Institúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine (ODIHR) leis an OSCE agus Ionad do Rialú Daonlathach na bhFórsaí Armtha atá lonnaithe sa Ghinéiv.

I mBealtaine 2008 cuireadh críos leis an tionscadal, ar a dtugadh *The Citizen in Uniform*, le foilsiú den lámhleabhar *The Handbook on Human Rights and Fundamental Freedoms of Armed Forces Personnel* agus ba mór an ónóir dom cuireadh a fháil chun óráid a thabhairt ag seoladh na Tuarascála i Vienna i mBealtaine 2008.

Labhair mé go brodúil leis na toiscairí ag seoladh an lámhleabhair faoi bhunú Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann agus nuair a fuair mé aitheantas ó Ambasadóir Christian Strohal, iar-Stiúrthóir Oifig um Institúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine OCSE, a rinne trácht ar an dóigh a d'fhéadfadh le muintir na hÉireann cuidiú le tíortha eile le malairt eolais agus tacaíochta maidir le bunú Oifig an Ombudsman do Fhórsaí Armtha.

Léiríonn staidreamh ár suíomh ghréasáin go bhfuil an-suim idirnáisiúnta in obair an OÓÉ agus fuair ár suíomh gréasáin [www.odf.ie](http://www.odf.ie) cuairt ó úsáideoirí i 71 dtír i 2008. Dearbhaíonn sé seo an treocht i mo Thuarascáil Bhliantúil 2007 a dhéanann taifead ar chruinnithe fáisnéise a sholáthair mé do roinnt eagraíochta thar lear le linn na bliana sin.

### **Soláthar Foirne:**

Is é atá ann ar sholáthar foirne m'Oifige an 31ú Nollaig 2008:

- 🕒 1 Leas-Phríomhoifigeach (Oifigeach Iniúchta)
- 🕒 1 Ardoifigeach Feidhmiúcháin
- 🕒 1 Oifigeach Cléireachais

Tá an soláthar foirne seo ar aon dul le soláthar foirne 2006 agus 2007. Is fiú tabhairt faoi deara nach raibh seirbhísí Oifigeach Iniúchta ar fáil ag m'Oifig ó Eanáir go lár mhí na Bealtaine 2008 de bharr idir-ríochta idir ath-iasacht bhall amháin agus líonadh an fholúntais sin. Mar a luadh níos luaithe sa tuarascáil seo, fuair m'Oifig méadú mór ar líon na gcásanna i 2008 agus ba bhreá liom taifead oifigiúil a dhéanamh agus mo bhuíochas a ghabháil le m'fhoireann bheag as ucht a dúthracht agus dualgas a thaispeáin siad le linn na bliana maidir le líon na gcásanna meadaithe agus an obair bhainistíochta choimhdeach atá bainteach le hOifig den chineál seo.

### ***Áitreabh na hOifige:***

Bhog m'oifig isteach go 13/15 Stáid Haiste, BÁC 2, i Nollaig 2006. Is é atá ann ná trí sheomra ar an gcéad úrlar den fhoirgneamh.

I mo dhá Thuarascáil Dheiridh deireanach mhaígh mé nach raibh an áitreabh oiriúnach agus bhí an cás mar an gcéanna i 2008. Go háirithe, tá spás na foirne neamhleor, níl aon áiseanna imleora chun cuairteoirí a fháiltiú agus maireann fadhbanna móra le dearadh an fhoirngnimh.

Theip ar ár n-iarrachtaí cóiríocht oiriúnach a aimsiú i 2008 agus is ábhar frustrachais agus ceataí é seo do m'fhoireann agus domsa chomh maith. Tá tionchar díreach ag an gceist ar leibhéal na seribhíse a d'fhéadfadh m'Oifig a sholáthar dár ngeallsealbhóirí.

Le líon beag foireann bhuan a fheidhmíonn OÓÉ. Ionas go mbeidh Ombudsman in ann a dhuchláin a chomhlíonadh, caithfidh go ndéantar mionanailís ar gach uile chás agus breithnithe a eisiúint taobh istigh d'am fráma gearrthéarmach mar mar a deirtear cóir dhéanach, cóir a shéantar.

Ionas go bhfuil m'Oifig in ann an sprioc seo a bhaint amach déanann sí conartha le cúntóirí taighde cáilithe a bhfuil cúlra sa dlí acu i leith anailís a dhéanamh ar an gcás. Áirithíonn sé go bhféadfadh m'Oifig lean ar aghaidh agus Réamhthuarisicí Bhreithniúcháin a eisiúint chomh luath agus is féidir. Ó tharla nach féidir le háitreabh reatha OÓÉ, áfach, daoine a fhailtiú agus go bhfuil cuid mhaith den obair faoi chúram cúntóirí taighde comhpháirtithe tuigimid nach dea-praitic atá i gceist. Cuireann sé isteach ar bpróiseas comhroinnte um thaithe an gcúntóirí taighde agus na foirne buan.

I dtosca difriúla, mholfainn go mór mór solathair foirne sa bhreis a earcú chuig an OÓÉ. Glacaim nach féidir linn foireann sa bhreis a sholáthar faoi lathar mar gheall ar an staid fioscach reatha. Tá buntáistí airgeadúla iontacha i gceist don spáran phoiblí nuair a dhéanann m'Oifig conaraitheoireacht chun a mandáid a chomhlíonadh.



D'fhéadfaimis obair níos fearr agus níos éifeachtúla a dhéanamh dá gcuireadh áitreabh ar fáil dúinn, ina n-éascaítear practicí comhoibríocha. Tuigim go maith gur ghlac an tAire Cosanta go dáiríre riachtanas chun áitreabh oiriúnach a aimsiú don OÓÉ aguc chuaigh sé i dteagmháil le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW) sa chomhthéacs seo. Leoga mhol an OPW i 2008 áitreabh mhalartach ach níor beartaíodh uirthi de bharr neamhoiriúnachta. Cuireann sé an-díoma orm nár réitíodh an cheist go nuige seo agus leagfaidh mé béim uirthi arís i 2009.

### ***Cuair oibre i gCeanada:***

“Buninneall” is ea Ceanada i réimse an Ombudsman Óglaigh na hÉireann. Bunaíodh Roinn na Cosanta Náisiúnta agus an tOmbudsman do Fhórsaí Ceanadacha i 1998 agus bhí sé chun tosaigh maidir le go leor ceisteanna criticiúla sa réimse oibre seo. Mar a thug mé faoi deara i mo Thuarscáil Bhliantiúil 2006 ba mhór an bhuntáiste a bhí i gceist le cabhair, comhairle agus spreagadh André Marin, an chéad Ombudsman do Chosánta an Ceanada, nuair a bhí mé ag roinnt na structúir agus beartas OÓÉ roimh sheoladh oifigiúil m'Oifige i Nollaig 2005.

Ombudsman d'Ontario is ae André Marin anois agus lean sé ar aghaidh ag forbairt an coincheapa Ombudsman ar leibhéal teoiriciúla agus practiciúla.

Le linn Deireadh Fómhair 2008, bhain mé an-tairbhe as an gcuairt oibre a thug mé ar an gCeanada mar bhí taithí ar an láthair agam ar éifeachtacht na Foine Freagratha an Ombudsman Speisialta a d'fhorbair André Martin roimhe sin, nuair a bhí sé ina Ombudsman d'Mhíleata, chun déileáil le ceisteanna práinneacha, ar nós cásanna a bhaineann le neamhord strus iarthrámach. Bhí mé páirteach sa chleactadh oiliúna le himscrúdaitheoirí údarásacha ón rannóg seo a thug go leor eolais dúinn agus a bhí tarraingteach.

Bhí straithe cruinnithe agus cruinnithe faisnéise cuimsitheacha agam le Mary McFayden, Ombudsman Eatramach do Roinn na Cosánta Náisiúnta agus Ombudsman do Fhórsaí Ceanadacha. Thug sé rochtain oscailte dom dá hoibríochtaí agus bhí deiseanna díospóireachta agam le go leor daoine as a foireann maidir le hábhair a bhain le himscrúdaithe, seirbhísí dlíthiúla, airgeagas, riaracháin agus oibríochtaí. Thairis sin, d'éascaigh Bean McFayden agus ghabh sí liom ar chruinnithe faisnéise a bhí in oifigí um shásamh in éagóracha agus réiteach coinleachta difriúla maidir le maoirseacht mhíleata ar nós an An Bord Ceanadach um Ghearán, Oifig an Ardabhchóide Bhreithiúnais. Bhí go leor cruinnithe agam le Coirnéal (Scortha) Pat Stogran, Ombudsman d'Ársaí Ceanadacha, an tUas. Chris Ford, Ard-Stiúrthóir, Malairt Modhanna chun Díospóidí a Réiteach chuig Roinn na Cosánta Náisiúnta, Coirnéal Guy Maillet, Ard-Stiúrthóir, an tÚdarás um Gearán na bhFórsaí Ceanadacha.

Chuir Bean McFayden, an tOmbudsman, fáilte mór romham agus d'áirithigh sí go mbeadh tuiscint forleathan agam ar ról Ombudsman do Mhíleata agus conas a mar a chuir sé leis an gCeanada. Bhí díogras, fáilte agus dea-thoil a foirne fíorluachmhar i dtéarmaí Oifig OÓÉ ag fáil léirgeas agus eolais, tasc a bhí eisceachtúil agus inspioráideach. Caitfidhm mé taifead oifigiúil a dhéanamh agus mo bhuíochas a ghabháil leo.

Bhí deis agam chomh maith bheith páirteach sa bhFóram Ombudsman ina raibh malairt eolais agus smaointí a bhí beoga agus saibhir maidir le hionchais agus réaltachtaí an n-eagraíochtaí Ombudsman agus chuir trí hilchríoch difriúil leis an díospóireacht.

Mar ábhar suimiúil, bhí mé in ann tagarmhach a dhéanamh d'acmhainní agus líon na gcás OÓÉ i gcodarsnacht lena gcomhpháirt Ceanadach agus bhí sé soilseach. Déileálann foireann in OÓÉ suas le trí mhéid líon na ngearán níos mó ná mar a déileálann a gcomhleacaithe Ceanadacha.

Cé go raibh mé sásta leis an gcodarsnacht a thaispeáin táirgiúlacht OÓÉ is fiú tabhairt faoi deara go bhfuil sé d'acmhainn ár gcomhleacaithe Ceanadaca de bharr foireann bhreise ceisteanna gearáin a scúdú ar bonn straitéiseach. De thoradh na foirne sa bhreis ag Roinn an Cosanta Náisiúnta agus Ombudsman d'Fhórsaí Ceanadacha tig leo modhanna oibre níos nuálaí a fhorbairt, ar nós córas idirghabhála luath neamhfhoirmiúil, a sholáthraíonn seirbhís fheabhsaithe dá gheallshealbhóirí agus sholáthair sé buntáistí móra chuig Fórsaí Armtha an Ceanada.

### ***Freastal ar Chomhchoiste an Oireachtais faoi Dhlí agus Ceart, Comhionnas, Cosaint agus Cearta na mBan:***

An 19 Samhain 2008, tugadh cuireadh dom óráid a thabhairt do Chomhchiste an Oireachtais faoi Dhlí agus Ceart, Comhionnas, Cosaint agus Cearta na mBan maidir le Tuarascáil Bhliantúil OÓÉ. Leanadh mo léiriú le seisiún ceisteanna agus freagraí le baill an Coiste agus tá súil agam gur seisiún faisnéiseach a bhí ann.

Ba é seo an chéad uair don OÓÉ bheith faoi bhráid an Choiste agus dul chun cinn dearfach is ea é agus tá súil agam go mbeidh sé ar siúl go rialta.

***Frastal agus Léirithe do Gheallshealbhóirí:***

Ó bunaíodh an OÓÉ rinne mé dianiarracht freastal agus óráid a thabhairt ar an iliomad comhdhálacha agus fóraim agus is féidir. Tá sé seo riachtanach chun baill agus iarbhall Óglaigh na hÉireann a choimead feasach ar ról agus shainchúram m'Oifige.

I 2008, lean mé ag cur béime ar an mbeartas páirtíochta agus i measca na bhfóram a d'fhreastail an OÓÉ:

Feabhra 2008	Seoladh an Tuarascáil 'The Forgotten Soldier of Peace'.
Deireadh Fómhair 2008	PDFORRA ADC, Cathair na Mart.
Samhain 2008	Tiomnú do Chuimnheachán Náisiúnta Óglaigh na hÉireann dóibh siúd a cailleadh le linn bheith ar seirbhís don Stát, Ardeaspag Ryan Park, Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath.
Samhain 2008	VIKING 08 Lá tionnaithe na gCuariteoirí, Óglaigh na hÉireann, An Coláite Míleata
Samhain 2008	Comhdháil Bhliantúil RACO.
Nollaig 2008	Fáilte Nollag PDFORRA
Nollaig 2008	Seoladh an Dara Tuarascáil An Ghrúpa Neamhspleách ar Mhaoirseacht (IMG2).

***Cosaint Sonraí:***

Tá OÓÉ cláraithe leis an gComisinéir Cosanta Sonraí.

Tá m'Oifig cláraithe de réir Scéim Rochtana Proifisiúnta Díreach na Comhairle Barra.

***Sláinte agus Sábháilteacht:***

Tá ráiteas um Shláinte agus Shábháilteacht i bhfeidhm i m'Oifig. Tá an Roinn airgeadais freagrach as an mbeartas Sláinte agus Sábháilteachta sa bhforigineamh ina bhfuil m'Oifig lonnaithe.

### ***Beartas na Gaeilge:***

Ó 31ú Nollaig 2008, ní comhlacht forordaithe is ea m'Oifig de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

Ag cur le dea-phraitic na seirbhíse poiblí, déanann m'Oifig dianiarracht eolas a sholátar i nGaeilge agus i mBéarla. Foisítear na Tuarascálacha Bliantúla ODF i ngach teanga agus tá an suíomh gréasáin [www.odf.ie](http://www.odf.ie) dhátheangach.

### ***Gnóthaí Buiséadacha:***

Cuireadh críoch leis na cuntais bhliantúla agus cuireadh faoi bhráid an Ard-reachtair agus an Ard-Iniúcháir iad go luath i 2009. Ag am priontála bhí an iniúchta críochnaithe agus d'eisigh an AR&AI a theastas atá faoi iamh na Tuarascála Bliantúla seo. Táim faoi chomaoin aige agus a fhoireann as an teastas a chur chugam in am laistigh den spriocdháta agus tuigim go maith an brú oibre a cuireadh orthu dá thoradh sin.

Tá mé feasach de mo dhulgais mar Oifigeach Cuntais don Oifig agus déanaim dianiarracht i gcónaí a áirithigh go n-úsáidtear na cistí poiblí go ciallmhar agus go

Faoi láthair oibríonn an OÓÉ mar fhó-mhírcheann i meastúcháin na Roinne Cosanta. De réir prionsabail ghinearálta ról an Ombudsman, agus i ndáil leis an bunriachtanas go bhfuil, agus go nglactar go forleathan chomh maith, Oifig ar nós OÓÉ neamhspleách, neamhchlaonta agus uathrialach bheadh sé níos oiriúnaí dá mbeadh vóta ag an OÓÉ agus go mbeadh sé lánfhreagrach as a bhuiséad féin.

***An Beartas Saorála Faisnéise:***

Mar an 31ú Nollaig 2008 ní comhlacht forordaithe de réir an Acht um Shaoráil Faisnéise is ae an OÓÉ.

Óna bhunú déileáil m'Oifig le gach uile iarratas eolais go hoscailte agus le modh trédhearcach de réir spiorad an Achta SF. Mar chuid dár bpolsasaí, seoltar cóip de thuarascálacha OÓÉ a bhaineann lena gcás.

Chuaigh oifigigh na Roinne Airgeadais i gcomhairle le OÓÉ i dtaobh an beartas SF a chur ar bun san Oifig. Ceann de na ceistanna a déileáladh ná tábhachtach aithint a thabhart ar rúndacht agus príobháideacht gach uile chomhad cáis idibhidiúil agus conas is féidir le seo a chumhdach i rialúcháin SF.

Táthar ag súil go gcuimseoidh an tAcht SF chun OÓÉ a chumhdach i 2009 agus cuirtear fáilte roimh an bhforbairt seo, cé go n-ardóidh sé ualach oibre na hoifige arís.

***Beartas um Úsáid Gréasáin:***

Tá beartas a bhaineann le húsáid an idirlín i bhfeidhm ag foireann m'Oifige.

***Rúdacht:***

Tá muinín agus rúdacht i nósanna imeachta mar chuid lárnach d'obair ráthúil an Ombudsman. Tá rialacha dochta a bhaineann le rúndacht na gcásanna nó na n-iarratas i bhfeidhm lena ndéileánn m'Oifig.

Is ceist í a bheidh mar phríomhthosaíocht ag m'Oifig i 2009.

## Tuarascáil an Ard-Reachtair agus an Ard-Iniúcháora:

### AN OMBUDSMAN d'ÓGLAIGH NA hÉIREANN

#### Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair

##### Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 iniúchta agam faoin Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

#### Freagrachtaí an Ombudsman agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Ombudsman freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Acha Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Ombudsman na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta an Ombudsman leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann.

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chúí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Ombudsman an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gelúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacaíl agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíríteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

### **An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis**

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Ombudsman, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé calaíocht nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

### **Tuairim**


Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Ombudsman ag 31 Nollaig 2008 agus ar an ioncam agus an chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Ombudsman. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

**Gerard Smyth**  
Le haghaidh agus thar ceann an  
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

30 Aibreán 2009

## Saolré an Ghearáin:



\* Is féidir le hiarbhall gearáin a thaisceadh i ndáil leis na bearta líomhnaithe a tharla nuair a bhí sé nó sí ina b{h}all ag fónamh. Is gá go raibh an duine atá freagrach as an mbeart líomhnaithe agus an gearánaí ina b{h}all ag fónamh nuair a tharla an beart líomhnaithe.



## Seicliosta d'Achomharcóirí

Ar an leathanach seo tá seicliosta a ceapadh chun cuidiú le daoine gearán a dhéanamh. Tá an seicliosta ar fáil ar [www.odf.ie](http://www.odf.ie) agus tá sé san áireamh sa Bhileog Mhínitheach.



**Riachtanas 1:**

Tharla an beart ar mhaith liom gearán faoi tar éis 1 Nollaig 2005.



**Riachtanas 2:**

Tharla an beart, nó cuireadh mé in iúl ar an mbeart, sa tréimhse 12 mhí seo caite.



**Riachtanas 3:**

Tá mé tar éis gearán a dhéanamh trí mheán an chórais inmheánaigh Sásamh in Éagóra agus nílim sásta leis an toradh air sin. *(Ní bhaineann Riachtanas 3 ach le baill atá ag fónamh in Óglaigh na hÉireann. Ní bhaineann sé le hiarbhaill Óglaigh na hÉireann.*



**Riachtanas 4:**

Ní bhaineann an beart le haon cheann díobh seo a leanas:  
Oibríochtaí slándála nó míleata, Eagrúchán, struchtúr nó imscaradh Óglaigh na hÉireann, Téarmaí agus coinníollacha fostaíochta, Riaradh na bpríosún míleata



**Riachtanas 5:**

Níor triaileadh an beart ar mhaith liom achomharc a dhéanamh ina leith go hachomair de réir Alt 179 den Acht Cosanta, 1954.





Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann  
13/15 Sráid Haiste  
Baile Átha Cliath 2

t + 353 1 663 3222

f + 353 1 663 3223

w [www.odf.ie](http://www.odf.ie)

e [admin@odf.ie](mailto:admin@odf.ie)